
Science Foundation Ireland For what's next

# Ár dTodhchaí a Mhúnlú

## Ag Soláthar Inniu
## Ag Ullmhú don Todhchaí

**Straitéis 2025 Fhondúireacht Eolaíochta Éireann**



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá ón Aire Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde agus Eolaíochta, Simon Harris | 2 |
| Réamhrá ón Ollamh Peter Clinch | 3 |
| Réamhrá ón Ollamh Mark Ferguson | 4 |
| Achoimre fheidhmeach | 6 |
| Buntáistí dár bpáirtithe leasmhara | 10 |
| Buaicphointí i stair Fhondúireacht Eolaíochta Éireann | 11 |
| **Comhthéacs** | 12 |
| Téarnamh eacnamaíoch | 12 |
| COVID-19 agus paindéimí eile | 12 |
| An t-athrú aeráide | 12 |
| An Breatimeacht | 13 |
| Deiseanna amach anseo | 13 |
| **Ag Soláthar Inniu:** Taighde den scoth, an tallann is fearr, agus buntáistí inbhraite | 14 |
| Taighde den Scoth | 15 |
| An tallann is fearr | 16 |
| Buntáistí inbhraite | 18 |
| **Ag Ullmhú don Todhchaí:** Éiceachóras comhtháite, scileanna don todhchaí, féachaint lena bhfuil ag teacht | 20 |
| Éiceachóras comhtháite | 21 |
| Scileanna don todhchaí | 24 |
| Féachaint lena bhfuil ag teacht | 25 |
| Ráiteas maidir le hacmhainní | 27 |
| Príomhtháscairí feidhmíochta | 28 |
| **Aguisín 1:** Straitéis nua SFI a fhorbairt: An próiseas comhairliúcháin | 30 |
| **Aguisín 2:** Clár Oibre 2020 | 31 |
| **Aguisín 3:** Straitéis nua SFI: Straitéis ailínithe | 32 |

# Réamhrá ón Aire Simon Harris

Mar an chéad Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta in Éirinn, tá ríméad orm Straitéis úr Fhondúireacht Eolaíochta Éireann: ***Ár dTodhchaí a Mhúnlú*** a sheoladh go foirmiúil.

Le fiche bliain anuas, tá sé mar aidhm ag Rialtas na hÉireann geilleagar láidir inbhuanaithe agus sochaí níos fearr a fhorbairt trí chóras taighde agus nuálaíochta den scoth.

Tugann ceapadh mo Roinne úir an sprioc seo go dtí leibhéal eile.

Sa mhéid ama measartha gairid atáim i mo ról, táim tógtha leis an tallann agus leis an deis a chuireann an earnáil taighde agus nuálaíochta i láthair.

Feicim mo ról féin agus ról mo Roinne mar chumasóir na deise sin, Oileán Nuálaíochta a dhéanamh dínn. Tá cur chun feidhme Straitéis FEÉ ina phríomhchéim chun an uaillmhian sin a bhaint amach.

Le *Ár dTodhchaí a Mhúnlú* féachtar le leas a bhaint as an infheistíocht atá déanta ag ár Rialtas san earnáil agus tacú leis an gcuspóir bheith ina Cheannaire Nuálaíochta sa tacaíocht agus sa nuálaíochta atá leagtha amach in 'Ár dTodhchaí Chomhroinnte', an Clár don Rialtas.

Dírítear i straitéis úr an FEÉ ar *Ag Soláthar Inniu agus Ag Ullmhú don Todhchaí*.

Le *Ag Soláthar Inniu* éascaítear an taighde iontach agus an tallann is fearr chun tairbhí inbhraite a sholáthar d'Éirinn inniu. Tagann sé sin le tiomantas an Rialtais a chinntiú go mbainfidh gach duine in Éirinn tairbhe as infheistíocht phoiblí.

Tiomnaítear sa straitéis do *Ullmhú don Todhchaí*: ag soláthar deiseanna do chách trí thallann agus scileanna a chothú chun Éirinn a ullmhú le leas a bhaint as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn dár ngeilleagar agus dár sochaí chomh maith lena chinntiú go ndéanfar éiceachóras láidir taighde a leabú inár ndaoine agus a sholáthar dóibh.

Agus muid ag féachaint le geilleagar cóir agus níos inbhuanaithe a fhorbairt, tacaíonn *Ár dTodhchaí a Mhúnlú* leis an ngá atá ann le comhionannas a spreagadh laistigh den earnáil, comhtháthú agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, agus go tábhachtach, cur le leas an phobail agus mórdhúshláin shochaíocha na hÉireann.

Táim an-sásta an bhéim a fheiceáil laistigh den straitéis ar phunann chothromaithe taighde, idir thaighdeoirí luathchéime agus teorainneacha taighde, tallann a mhealladh agus tacú léi, agus comhpháirtíocht a neartú le fiontair, comhoibriú méadaithe ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus ar Ionad Taighde FEÉ a fhorbairt tuilleadh.

Leis an mbéim sin, agus an infheistíocht chun tacú leis, cinnteofar mar thír go mbeimid ábalta an chéad rud eile a tharlóidh a thuar, bheith réidh le freagairt air, idir theicneolaíochtaí candamacha agus digitiú na seirbhísí sláinte poiblí, chun ár ngeilleagar agus sochaí uile na hÉireann a chur chun cinn.

Toisc go dtagann Ardoideachas faoi mo shainchúram, molaim an tábhacht a chuirtear sa straitéis seo ar infheistiú inár dtallann agus taighde iomaíoch a fhorbairt lena chinntiú go mbeimid ábalta dul san iomaíocht san Eoraip agus ar bhonn idirnáisiúnta. Ionas go mbainfimid ár n-uaillmhianta amach sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, ní mór dúinn infheistiú inár ndaoine chomh maith leis an mbonneagar a theastaíonn lena dtaighde agus lena bhforbairt a éascú.

Ón áit a bhfuilimid inniu agus an áit ónar thángamar, ní raibh an ról atá ag an taighde agus ag an nuálaíocht chun dul i ngleic leis na ceisteanna náisiúnta agus domhanda is mó chomh soiléir riamh. Cé acu an é COVID-19, géarchéim na haeráide nó an méadú ar an digitiú atá i gceist, tá muintir na hÉireann ag dul i muinín na heolaíochta chun réitigh a sholáthar ar bhealach nach bhfacthas sa earnáil riamh.

Le *Ár dTodhchaí a Mhúnlú* déanfar cruthú agus forbairt a lán de na réitigh sin a éascú, a chothú, agus tacófar leo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd ar fud an chórais taighde agus nuálaíochta a roinn a smaointe agus a ghlac páirt i gcruthú na straitéise. Déanaim comhghairdeas le FEÉ as an obair iontach atá déanta aige go dtí seo agus as straitéis uaillmhianach agus fhadbhreathnaitheach a fhorbairt le haghaidh na gcúig bliana amach romhainn.

Táim ag tnúth le bheith ag obair libh agus tacú libh ar an turas tábhachtach seo.

**An tAire Simon Harris TD**
An Roinn Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

# Réamhrá ón Ollamh Peter Clinch

Tá lúcháir orm straitéis nua Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a chur i láthair: *Ar dtodhchaí a mhúnlú*. Straitéis uaillmhianach is ea an ceann seo. Is gá í a bheith. Caithfear geilleagar táirgiúil a bheith i ngeilleagar na hÉireann, óir tá nithe áirithe ag brath air sin: iomaíocht na hÉireann, leibhéil na hinfheistíochta isteach atá againn, táirgiúlacht gnólachtaí ar gach méid, na tuarastail agus na caighdeáin mhaireachtála atá againn, agus poist ár bpáistí. Léirítear san fhianaise eacnamaíoch go mbíonn formhór mór an fháis eacnamaíoch ann mar gheall ar mhéadú ar tháirgiúlacht, a bhíonn ag brath ar dhéine nuálaíochta an gheilleagair. Tá an infheistíocht i dtaighde, idir thaighde bunúsach agus taighde feidhmeach, ar cheann de na príomhrudaí a dhéanfaidh rath agus bláth na hÉireann agus a muintir a chinntiú. Má táthar chun rath reatha eacnamaíoch na hÉireann a dhaingniú, agus todhchaí na tíre a chosain, caithfimid an infheistíocht i dtaighde agus san fhorbairt a mhéadú go mbeidh sí ar an leibhéal céanna agus atá ag ár n-iomaitheoirí. Chomh maith leis sin, caithfimid infheistíocht a dhéanamh chun dul i ngleic leis na hathruithe sochaíocha a bheidh ann mar is léir ó COVID-19, idir na cinn a bhfuiltear ag dréim leo chomh maith leis na cinn nach bhfuil.

Agus an Straitéis seo á forbairt, aithníonn SFI gur gá idir thaighde bunúsach agus taighde feidhmeach a mhaoiniú. Is léir dúinn gur gá tacaíocht a thabhairt don obair atá ar bun ag taighdeoirí luathchéime, taighdeoirí aitheanta agus comharghnónna taighde níos mó. Tá an tábhacht a bhaineann le bheith ag obair i gcomhar le fiontraíocht agus an earnáil phoiblí leagtha amach againn, chomh maith le comhoibriú thar theorainneacha. Aithnímid gur gá caidreamh a bhunú i gcomhar le taighdeoirí agus lenár n-institiúidí ardoideachais agus a bheith ag obair le chéile thar Ranna, gníomhaireachtaí cistiúcháin agus gníomhaireachtaí fiontraíochta. Tá sé léirithe againn gur gá caidreamh an phobail leis an eolaíocht a mhéadú agus tacú le soláthar leanúnach tallainne, idir scoileanna agus Ollúna taighde atá ar thús cadhnaíochta sa domhan. Is é sin atá le déanamh ag SFI ionas gur féidir cuid lárnach a dhaingniú don am atá romhainn in Éirinn.

Is é is fís dúinn ná gur ceannródaí domhanda nuálaíochta a bheidh in Éirinn ó thaobh taighde eolaíochta agus innealtóireachta de, le gur féidir geilleagar agus sochaí na hÉireann a chur chun cinn. Ós rud é go ndírítear ar **sholáthar inniu agus san am céanna ar an ullmhú don am atá le teacht,** dearadh straitéis nua SFI chun tabhairt faoi na dúshláin atá ann faoi láthair, agus chun Éire a chur chun cinn go mbeifear in ann leas a bhaint as deiseanna amach anseo. Ar an ábhar sin, beidh an straitéis ag tacú leis na tosaíochtaí a ndéantar achoimre orthu i gClár Rialtais na hÉireann Ár dTodhchaí Le Chéile, agus leis na cuspóirí atá leis an bplean um théarnamh náisiúnta. Geallaimid go mbeimid ag obair leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta nua atá bunaithe, agus ag obair thar Ranna agus gníomhaireachtaí, le taighdeoirí agus leis na hinstitiúidí a bhfuil siad iontu, agus le disciplíní nach ETIM iad, d'fhonn éiceachóras taighde agus nuálaíochta comhtháite a chothú a bheidh ag tacú le hiomaíocht na hÉireann, le téarnamh sciobtha i ndiaidh ghéarchéim COVID-19, agus le dul in oiriúint don Bhreatimeacht. Beimid ag tacú le taighdeoirí a chuideoidh chun cinnte a dhéanamh de go mbeidh Éire seasmhach roimh an athrú aeráide, agus roimh aon phaindéim agus dúshláin eile a bheidh ann amach anseo.

Nuair a bunaíodh SFI go foirmiúil in 2003, léirigh lucht ceaptha beartas na hÉireann fadbhreathnaitheacht iontach agus an-uaillmhian, ó thuig siad go mbeadh gá le hinfheistíocht sa taighde dá mbeadh geilleagar rath le bheith ar gheilleagar na hÉireann agus sochaí bhríomhar le bheith ann. Cé go raibh an fhadbhreathnaitheacht sin le moladh, is ar éigean a shamhlóidís chomh tábhachtach a bheadh sé i dtaca le cuid de na dúshláin shochaíocha is mó in Éireann agus ar domhan a réiteach. Tá taighde agus taighdeoirí na hÉireann go mór chun tosaigh sa chath i gcoinne COVID-19. Is léiriú tábhachta an tsaineolais sin go bhfuil bunús an-láidir ann gur chóir tuilleadh infheistíochta a dhéanamh sa taighde. Táimid ar an eolas faoi chuid de na deiseanna móra eacnamaíocha a bheidh ann, agus táimid ar an eolas faoi an-chuid de na dúshláin is mó atá romhainn – an t-athrú aeráide, paindéimí, an t-aosú agus an tsláinte, IS agus róbataic, agus a bhfuil i ndán do phoist. Más rud é go raibh an fhadbhreathnaitheacht ag lucht ceaptha beartas roimhe seo infheistíocht a dhéanamh sa taighde ar mhaithe le tairbhe eacnamaíoch na hÉireann, caithfidh lucht ceaptha beartas na linne seo infheistíocht a dhéanamh ar an dóigh chéanna go mbeidh rath ar chúrsaí san am atá le teacht.

**An tOllamh Peter Flinch**
Cathaoirleach an Bhoird
Fondúireacht Eolaíochta Éireann

# Réamhrá ón Ollamh Mark Ferguson

Is soiléir an tionchar dearfach a imríonn an eolaíocht, an taighde agus an nuálaíocht a shaol daoine ar bhonn domhanda, idir mheicniú na talmhaíochta agus teacht na teilifíse, idir vacsaíní agus an t-idirlíon, idir fhóin phóca agus charranna leictreacha. Tá méadú suntasach tagtha ar an tuiscint atá againn orainn féin, ar a chéile, ar an bpláinéad agus ar an gcruinne, mar gheall ar idir fhiosracht agus dúthracht. Déanann an fhionnachtain, an aireag agus an nuálaíocht dul chun cinn iontach a spreagadh. Tá an-chuid saincheisteanna nár fuasclaíodh fós agus tá deiseanna an-mhór romhainn, iad á ngríosú ag luas na fionnachtana agus na nuálaíochta a bhfuil borradh faoi i dtólamh. Tá ré órga fionnachtana, airge agus nuálaíochta romhainn go deimhin, de thairbhe go bhfuil an oiread sin uirlisí úra ar fáil dúinn, amhail sár-ríomhaireacht, teicneolaíochtaí géiniteacha, intleacht shaorga, íomháú forbartha agus cumarsáid mhear. Is iontach an aimsir ina bhfuilimid beo, níos mó ná riamh, le bheith ag plé leis an eolaíocht. D'fhéadfadh dul chun cinn den sórt sin sochaithe a athrú go dearfach ó bhonn, agus rath eacnamaíoch a thabhairt dóibhsean a dhéanann agus a chuireann fáilte roimh an dul chun cinn. Breathnaigh an oiread agus a chuir an eolaíocht, an taighde, agus an nuálaíocht le géarchéim COVID-19 a bhainistiú - vacsaíní nua a sholáthar taobh istigh de bhliain, cuir i gcás - rud a shíltí a bheith dodhéanta taobh istigh de dheich mbliana. Níl maolú ag dul a theacht ar acmhainneacht teicneolaíochta an domhain.

Ar na cúiseanna sin, tá méadú ag teacht ar an infheistíocht atá á déanamh sa Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht i gcuid mhór tíortha[1,2] – 4.5% den OTI sa Chóiré Theas, 3.3% den OTI sa tSeapáin , 2.8% den OTI in SA, 2.2% den OTI sa tSín (figiúirí 2018). Sa bhliain 2018, ba 2.2 % den OTI an caiteachas ar an Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht in AE, ach tá sprioc ann 3 % de OTI[1]. a infheistiú. Táthar ag tuar maidir le 11 thír: An Ostair, an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ungáir, Iosrael, an Iodáil, an Ísiltír, an Pholainn, an tSlóvaic, agus an tSualainn, go bhfuil an sprioc sin bainte amach iontu nó go mbainfear amach í faoi 2027[1]. Tá gealltanas tugtha ag Rialtas na Ríochta Aontaithe an infheistíocht a dhéantar ar Thaighde agus Forbairt a mhéadú go 2.4% den OTI faoi 2027, agus maoiniú poiblí don Taighde agus Forbairt a mhéadú go £22 billiún in aghaidh na bliana faoi 2024/25[2]. Le linn na tréimhse 2010 – 2019, tháinig maolú ar an infheistíocht a rinneadh in Éirinn ar an Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht, mar chéatadán den OTI, OIN nó OIN*[1] (agus sa bhliain 2019 bhí an figiúr díreach ní ba lú ná 1% den OTI[3] – mar gheall den chuid is mó ar bhuiséad comhréidh infheistíochta agus fás ag teacht ar OTI, OIN nó OIN*.

Tá an infheistíocht phoiblí sa Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht riachtanach chun infheistíocht ghnó a thionscnamh agus a phlódú isteach sa Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht – caithfidh fás teacht ar an dá cheann in Éirinn. Go deimhin, thug AE an méid seo a leanas le fios,[1] "I gcás na mBallstát níos forásaí (Éire, cuir i gcás), d'fhéadfadh infheistíocht ar leibhéal ró-íseal cur isteach ar a n-acmhainn a bheith ag teorainneacha an eolas teicneolaíochta, agus a n-acmhainn an t-eolas agus na scileanna a fhorbairt d'fhonn tairbhe a bhaint as na haistrithe digiteacha agus glasa".

Le linn na tréimhse 2012 - 2020 áfach, dhírigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann (faoina straitéis roimhe seo, Clár Oibre 2020) ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht a mhéadú sa chóras don Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht in Éirinn. Bhí rath air sin, agus luaigh OSCE go raibh Éire ar an tír is éifeachtúla san Eoraip ó thaobh an Taighde agus na Forbartha de – bhí aschur ní ba mhó maidir leis an nuálaíocht in aghaidh an Euro ó chistí poiblí a infheistíodh i gcomparáid le tír ar bith eile. Bhí fianaise den mhéid sin in áiteanna eile fosta: an rath a bhí ar thaighde na hÉireann in Fís 2020 (bronnadh ní ba mhó den chistiú iomaíoch [>€1.25b] ar Éirinn ná a chuir Éire leis an mbuiséad atá ag Fís 2020), méid na rannpháirtíochta tionsclaíochta agus an chómhaoinithe a bhí ann in Ionaid Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus leis na duaiseanna Comhpháirtíochta, méid an chomhoibrithe a rinneadh leis na hinstitiúidí Ardoideachais (IAO), méid an chomhoibrithe idirnáisiúnta a rinneadh mar gheall ar chomhpháirtíochtaí leis an bhFondúireacht Náisiúnta Eolaíochta (NSF), na hInsitiúidí Náisiúnta Sláinte (NIH), Taighde agus Nuálaíocht na Ríochta Aontaithe (UKRI), Royal Society, Wellcome Trust, Fraunhofer agus Fondúireacht Náisiúnta Eolaíochta Nádúrtha na Síne (NSFC), , an tslí a bhfuil sé ar ár gcumas taighdeoirí tharr barr a mhealladh mar gheall ar Ollúnacht Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus na cláir atá againn do Cheannairí Taighde Amach Anseo, agus an tslí a bhfuil sé ar ár gcumas tacú le tallann dhúchasach lenár ndeontais, Teorainneacha don Todhchaí agus an deontas taighde do Thaighdeoirí Luathchéime.

Tá srianta le gnóthachan éifeachtúlachta, áfach. Tá tuilleadh infheistíochta ag teastáil ón gcóras anois, agus tá an córas réidh lena haghaidh sin. Tá fianaise den mhéid sin sna liostaí feithimh tograí éifeachtacha faoi gach ceann de na cláir thuas, liostaí a bhfuil méadú ag teacht orthu. Tá sé curtha in iúl ag piarmheasúnú idirnáisiúnta gur chóir iad a chistiú, ach ní raibh buiséad mór go leor ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann leis sin a dhéanamh. Mura ndéantar infheistíocht anois, beidh Éire faoi mhíbhuntáiste maidir le tuilleadh eolais, táirgí agus seirbhísí nuálacha, post agus tallainne a chruthú agus a mhealladh, cionn is go beidh méadú ag teacht ar an infheistíocht i dtíortha eile, agus beidh an bua ag na tíortha sin. Tá an straitéis nua seo le Fondúireacht Eolaíochta Éireann inathraithe, agus fágtar gur féidir cláir a sheoladh i gcomhréir leis an mbuiséad atá ar fáil. Toradh maith a bheadh ann ná méadú iolraithe 15% ar an mbuiséad bliain in aghaidh bliana fad a mhairfidh an straitéis, is é sin cúig bliana.

1 Borunsky L et al 2020, Aiming for more: Research and Development investment scenarios for the next decade, sraith páipéar an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an Taighde agus Nuálaíocht, 2020/06

2 H.M Government UK Research and Development Roadmap, Iúil 2020

3 Sonraí 2019 Eurostat maidir leis an gCaiteachas ar an Taighde agus Forbairt

## Sa straitéis nua seo, tógtar ar phrionsabail thábhachtacha éagsúla:

### Eolaíocht do chách

Áirítear leis seo lucht saothair eolaíochta, taighde agus nuálaíochta ina bhfuil éagsúlacht agus a chuireann fáilte roimh chách. Téann sé chomh fada le rannpháirt ghníomhach agus comhchruthú le pobal na hÉireann. Beidh sé mar spreagadh do na glúnta amach anseo chomh maith le deiseanna ar dóigh a thabhairt le taighdeoirí thar barr a earcú agus chun tacú leo ach gach céim dá ngairmréim, sa saol acadúil agus tionsclaíoch araon.

### Eolaíocht don gheilleagar

Tá, agus beidh, an fhorbairt eacnamaíoch, cruthú fostaíochta agus rathúnas náisiúnta ag brath go mór ar bhonn láidir sa Taighde, Forbairt & Nuálaíocht ina mbíonn táirgeacht rialta fionnachtana agus airge nua, táirgí agus seirbhísí nuálacha, chomh maith le soláthar leanúnach daoine a bhfuil oideachas maith agus ardoiliúint orthu. Tá gá le meascán ar mhaithe lenár rathúnas san am atá le teacht, gnóthais dhúchasacha ardteicniúla a thionscnamh agus a scálú, mar aon le cuideachtaí eachtrannacha a mhealladh agus a choimeád. Tá an dá rud ag brath ar éiceachóras Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta atá ag feidhmiú go breá agus atá maoinithe go maith. Tá sé tuairiscithe ag an bhFóram Eacnamaíoch Domhanda[4] go bhfuil 'gá le meascán cruthaitheach den nuálaíocht cheannródaíoch, idir theicneolaíoch agus institiúideach, má táthar chun margaí a chruthú san am atá romhainn chun athrú eacnamaíoch ó bhonn den chineál sin a bhaint amach'. Sa straitéis seo, déantar an meascán sin a chruthú.

### Eolaíocht don tsochaí

Is é is aidhm don straitéis seo le Fondúireacht Eolaíochta Éireann dul i ngleic le fadhbanna tábhachtacha ar bhealaí freagracha, agus mar sin athrú eacnamaíoch ó bhonn a thionscnamh a bheidh in ann fás inbhuanaithe eacnamaíoch a sholáthar agus, san am céanna, an aeráid agus comhshaol a fheabhsú agus riachtanais na sochaí a shásamh. Ba cheart go mbeadh Éire ag cur le dúshláin mhóra shochaíocha a réiteach, an t-athrú aeráide, inbhuanaitheacht, ullmhacht le haghaidh paindéime, úsáid fhreagrach sonraí agus IS, cuir i gcás. Beimid ag díriú ar thosaíochtaí náisiúnta taobh istigh de na dúshláin mhóra seo, e.g. astaíochtaí meatáin talmhaíochta a laghdú, bithéagsúlacht a chothú, cibearshlándáil a fheabhsú – ar bhonn uile-oileáin go minic. Beimid ag leanúint ar aghaidh comhpháirtíochtaí comhoibríocha idirnáisiúnta a bhunú leis an Eoraip, an Ríocht Aontaithe, SAM, an tSín etc. Maidir le glacadh an phobail le teicneolaíochtaí agus fianaise, cuirfimid sin chun cinn ar mhaithe le beartas níos fearr agus soláthar níos fearr seirbhísí.

### An chéad rud eile

Más féidir a bheith ag súil leis an gcur chun cinn eolaíochta agus teicneolaíochta a bheadh tábhachtach amach anseo, bheadh buntáiste an cheannródaí ag pobal Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta na hÉireann, idir lucht acadúil agus lucht tionsclaíochta. Chomh maith leis sin, bheadh sé mar chuidiú chun cinnte a dhéanamh de go mbeadh sruth tallainne cáilithe mar is cuí ar fáil chun tabhairt faoi fhiontair amach anseo.

Maidir le dul chun cinn sa ghearrthéarma i réimsí amhail Candam, Teicneolaíocht, Intleacht Shaorga, Teicneolaíochtaí Glasa, Bitheolaíocht Shintéiseach, Néareolaíocht, bainfear feidhm as intleacht réamh-mheastach den chéad scoth chun cur leo sin. Mar sin, beifear in inmhe bunachair sonraí an-mhór ar fad foilseacháin eolaíochta, paitinní, luanna etc. a thochailt chun an chéad rud eile a bheidh ann a réamh-mheas agus chun ullmhú faoina chomhair.

### Éiceachóras Comhtháite

Éiceachórais chasta is ea córais Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta thar réimsí éagsúla: rialtas, saol acadúil, gnóthaí, carthanais, maoinitheoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta, infheisteoirí, comhoibrithe agus iomaitheoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bíonn siad ag brath ar fhoirne daoine cumasacha ag obair i gcultúr tacúil ilghnéitheach agus ionchuimsitheach, ar fud disciplíní iomadúla, agus teacht acu ar an mbonneagar agus maoiniú ceart, agus na sonraí agus ceangail chearta, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Cé gur chóir go mbeifí ábalta dálaí mar sin a bheith ann in aon áit ar bith mar gheall ar theicneolaíocht nua-aimseartha na cumarsáide, bíonn na gníomhaíochtaí seo carntha thart ar réigiúin shainithe le fírinne, iad suite de ghnáth thart ar ollscoil atá sáite sa taighde agus cuideachtaí teicneolaíochta doimhne idir mhór agus bheag - agus bíonn na 'Criosanna Daoine Oilte'[5] ann dá bharr. Thug an tOllamh Ed Glaeser ó Ollscoil Harvard an achoimre seo a chúrsaí: 'Speiceas sóisialta atá ionainn a éiríonn níos cliste de thairbhe a bheith timpeall daoine cliste eile.'[5] Nuair a úsáidtear anailísíocht sonraí, féadtar na héiceachórais seo a léirshamhlú chun naisc atá cheana ann agus naisc mholta nach ann dóibh, ach gur chóir dóibh a bheith, d'fhonn barr feabhais a chur ar intleacht chomhchoiteann an éiceachórais[5]. Is sruthanna casta, iltreocha iad na sruthanna eolais, maoine intleachtúla agus nuálaíochta idir an saol acadúil, earnáil na tionsclaíochta agus rialtas, a tharlaíonn arís agus arís le himeacht ama. Tá difear mór idir sin agus múnla líneach traidisiúnta an aistrithe teicneolaíochta. Tá ról lárnach ag taighdeoirí in institiúidí ardoideachais atá maoinithe go poiblí áfach óir is iad caomhnóirí agus éascaitheoirí na hintleachta comhchoitinne seo[5]. Comhartha is ea an Roinn nua Ardoideachais, Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta go bhfuil sprioc ann na gníomhaíochtaí seo a chothú agus a chur chun cinn, agus d'fhonn tuilleadh aontachta agus maoin chomhchoiteann a thabhairt isteach in éiceachóras na hÉireann, rud a dtacaíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann go mór leis, agus a bhfuil sé beartaithe lena chur i bhfeidhm. An difear idir straitéis agus an fhírinne ná an cur i bhfeidhm. Tá sé beartaithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann an straitéis seo a chur i bhfeidhm, i gcomhar leis an Roinn nua, ionas gur Crios Eorpach, glas, inbhuanaithe, teicneolaíochta doimhne le haghaidh Daoine Oilte a bheidh in Éirinn amach anseo.

**An tOllamh Mark Ferguson**
Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann
Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann

4 An Fóram Eacnamaíoch Domhanda, Markets of Tomorrow: Pathways to a new Economy, Tuarascáil Léargais, Deireadh Fómhair 2020
5 Mulgan G, 2019 Innovation Districts: An chaoi a chuireann cathracha luas faoi chúrsaíocht smaointe, blag Nesta, 5 Samhain 2019

# Achoimre fheidhmeach

## Ag Soláthar Inniu, Ag Ullmhú don Todhchaí

**Fís:** Ceannródaí domhanda nuálaíochta a bheidh in Éirinn ó thaobh taighde eolaíochta agus innealtóireachta de, le gur féidir geilleagar agus sochaí na hÉireann a chur chun cinn.

**Misean:** Déanann Fondúireacht Eolaíochta Éireann taighde agus tallann atá iontach agus éifeachtach a mhaoiniú, chomh maith le súil a chaitheamh chun tosaigh le féachaint cad é atá le teach chomh maith le rannpháirtíocht agus comhoibriú a leathnú d'fhonn todhchaí na hÉireann a mhúnlú.

**Sa lá atá inniu ann, níos mó ná riamh, is léir dúinn an tionchar as cuimse atá á imirt ag córas taighde agus nuála na hÉireann. Is léir dúinn é sa saineolas atá forbartha againn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chun fuascailtí a chur ar fáil do na dúshláin is mó atá in Éirinn agus ar domhan. Tá sé feicthe againn chomh ríthábhachtach a bhí agus atá an infheistíocht sa taighde le go bhféadfaí freagairt chomhpháirtíochta a thabhairt ar COVID-19. Tá an bonn taighde, agus an saineolas dúchasach atá ar fáil dúinn, i ndiaidh a bheith chun tosaigh i bhfreagairt na hÉireann ar ghéarchéim na paindéime le léiriú láidir muiníne san eolaíocht i measc an phobail. Táthar ag iarraidh ar an intleacht agus cruthaitheacht seo chun dul i ngleic leis na dúshláin ar fad atá romhainn, amhail an t-athrú aeráide, paindéimí amach anseo, an Breatimeacht agus an téarnamh eacnamaíoch nuair ó COVID-19. Tá bonn láidir taighde riachtanach chun cur ar ár gcumas na dúshláin sin a thuiscint, chun pleanáil agus dul in oiriúint dóibh, agus chun dul i ngleic leo, agus leis an dul chun cinn sochaíoch agus eacnamaíoch, ar oibríomar le chéile chomh crua sin ar a shon, a chosaint. Má dhéantar infheistíocht sa tallann agus nuálaíocht, feictear dúinn go ndéantar infheistíocht isteach dá bharr agus go gcruthaítear poist ardcháilíochta in FBManna agus ilnáisiúntaigh.**

Tá ról tábhachtach i ndiaidh a bheith ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann cumas taighde agus nuálaíochta na hÉireann a fhorbairt. Sa ról sin, tugadh maoiniú do thaighde iontach agus éifeachtach, agus rinneadh comhoibriú a chothú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá ré úr i dtaighde agus nuálaíocht na hÉireann ann, mar is léir ó theacht na Roinne úire Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Tá gairm shoiléir agus deis ar leith ann éiceachóras aontaithe agus bríomhar a mhúnlú a bhfuil cuspóir agus fís chomhchoiteann ann. Leanfaimid ar aghaidh ag obair i gcomhar le chéile chun an tairbhe is mó a bhaint as deiseanna nua d'fhonn na dúshraitheanna a sholáthair le haghaidh geilleagar atá sáite sa nuálaíocht, agus lena chinntiú go ndéanfar seasmhacht agus acmhainneacht na hÉireann tabhairt faoi ghéarchéimeanna amach anseo a fheabhsú. Sna laethanta, míonna agus blianta atá romhainn, tá ról fíorthábhachtach le bheith ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, agus ag na daoine a tugaimid maoiniú dóibh, i dtaca le geilleagar agus sochaí na hÉireann a chosaint ar gheiteanna feasta. Lena chois sin, déanfaidh taighde atá maoinithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann todhchaí shochaí na hÉireann a mhúnlú, soláthróidh sé tosaíochtaí na saoránach, cuirfidh sé ar ár gcumas leas a bhaint as deiseanna eacnamaíocha, agus tabharfaidh sé céim riachtanach aistir dúinn le go mbeidh geilleagar iomaíoch agus rathúil ann a rachaidh chun tairbhe na hÉireann agus a muintire.

Tá dhá uaillmhian lárnacha i straitéis nua Fhondúireacht Eolaíochta Éireann: **Ag Soláthar inniu** agus **Ag Ullmhú don Todhchaí:**

## Ag Soláthar Inniu

D'fhonn an fhís atá againn ar son na hÉireann a bhaint amach, déanfaimid níos mó tallann den scoth a fhorbairt, cuirfimid le bonn taighde iontach na hÉireann, agus déanfaimid na buntáistí dár ngeilleagar agus sochaí a uasmhéadú, a rachaidh i ngleic leis na dúshláin atá ann faoi láthair agus a thacóidh le poist ardcháilíochta agus geilleagar iomaíoch.

## Ag Ullmhú don Todhchaí

Mar thír bheag, éiceachóras aontaithe taighde a fhorbairt an tslí is fearr go mbeidh Éire in ann a bheith san iomaíocht agus ábalta buntáiste an cheannródaí a ghlacadh i réimsí nua agus cinn atá ag teacht chun cinn. I straitéis nua Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, cuirtear béim ar fhéachaint lena bhfuil ag teacht, agus ár gcur chuige a chur in oiriúint chun ceannasaíocht a thabhairt sna réimsí nua fionnachtana sin. Rachaidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann i dteagmháil agus i gcomhar níos leithne agus níos doimhne le gach páirtí leasmhara leis sin a bhaint amach.

Rinneadh straitéis nua Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, *Ar dtodhchaí a mhúnlú*, a fhorbairt d'fhonn dúshláin atá ann faoi láthair a shárú, deiseanna amach anseo a thapú, agus chun tacú leis na tosaíochtaí a ndéantar achoimre orthu i gClár Rialtais na hÉireann a foilsíodh le déanaí: *Ár dTodhchaí Le Chéile*. Beimid ag obair leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta nua atá bunaithe, agus ag obair thar Ranna agus gníomhaireachtaí eile, d'fhonn éiceachóras taighde agus nuálaíochta comhtháite a chothú a thacóidh le hiomaíochas agus riachtanais shochaíocha na hÉireann, lena n-áirítear téarnamh sciobtha ó ghéarchéim COVID-19. Beimid ag tacú leis na taighdeoirí agus nuálaithe a dhéanfaidh cinnte go mbeidh Éire seasmhach roimh an athrú aeráide, agus roimh aon phaindéim agus dúshláin eile a bheidh ann amach anseo.

Is é is fís dúinn ná gur ceannródaí domhanda nuálaíochta a bheidh in Éirinn ó thaobh taighde eolaíochta agus innealtóireachta de, le gur féidir geilleagar agus sochaí na hÉireann a chur chun cinn. Is é is cuspóir leis an straitéis seo iomaíocht na fiontraíochta áitiúla a mhéadú (FBManna go háirithe), Infheistíocht Dhíreach Eachtrach agus tallann dhomhanda a mhealladh agus a choinneáil; comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a fhorbairt sa phobal taighde; agus tacú le taighde agus taighdeoirí ar theorainneacha an eolais a fhéachfaidh chuige go seasfaidh geilleagar eolasbhunaithe na hÉireann san am atá romhainn. Déanfar infheistíocht sa taighde agus sa nuálaíocht ar bhonn leanúnach agus ar leibhéal méadaithe san fhadtéarma, agus déanfar ár láithreacht idirnáisiúnta a threisiú d'fhonn taighde agus tallann na hÉireann a chur os comhair an domhain. Dá bhrí sin, beidh an straitéis seo in ann buntáistí a sholáthar do mhuintir na hÉireann, poist ar luach ard don chéad ghlúin eile, agus freagraí Éireannacha agus domhanda chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, amhail Gníomhú ar son na hAeráide, Sláinte, agus Forbairt Eacnamaíoch Inbhuanaithe.

Tá soláthar na straitéis seo bunaithe thart ar **shé théama**, a thacar gníomhaíochtaí féin ag gach ceann acu:

## Ar dtodhchaí a mhúnlú

### Ag Soláthar Inniu

- Taighde den Scoth
- An tallann is fearr
- Buntáistí inbhraite

### Ag Ullmhú don Todhchaí

- Éiceachóras comhtháite
- Scileanna don todhchaí
- Ag súil lena bhfuil ag teacht

**Taighde den Scoth** a sholáthar agus a fhorbairt ar bhonn leanúnach, taighde a théann i ngleic le dúshláin mhóra na linne, taighde a thacaíonn leis an méid - agus a spreagann an méid - a gcuireann Éire leis na fionnachtana eolaíochta is déanaí sa saol acadúil, san earnáil fiontraíochta, sa tsochaí agus níos faide arís.

An tallann acadúil agus taighde a spreagann sochaí nuálaíochta na hÉireann a bhunú, a mhealladh agus a choinneáil d'fhonn **an Tallann is fearr** a chothú.

Gealltanas a thabhairt do mhuintir na hÉireann go ndéanfaidh an taighde atá á mhaoiniú againn an difear is mó agus is féidir dár sochaí agus dár ngeilleagar chun **Buntáistí Inbhraite** a thabhairt.




Obair a dhéanamh le chéile go dlúth chun **Éiceachóras comhtháite** a bhunú a bheidh neadaithe sa chreatlach shóisialta, agus chun teacht ar thuiscint maidir leis an gcumas atá sa taighde ar mhaithe le daoine na hÉireann.

Tacaíocht a thabhairt maidir le réimse leathan bealaí cumisitheacha a fhorbairt chuig na **Scileanna don Todhchaí** a thabharfaidh deiseanna níos fearr agus rath do chách san am atá romhainn.

Anailísíocht den chéad ghlúin eile chomh maith le saineolas Éireannach agus saineolas domhanda a úsáid chun súil a choinneáil ar a bhfuil ag titim amach chun réimsí eolaíochta atá ag teacht chun cinn a aithint, chun bheith ag tnúth le dúshláin amach anseo agus chun cláir agus tionscnaimh nua a fhorbairt, ionas go mbeimid ag **Féachaint lena bhfuil ag Teacht**.

Rinneamar an straitéis seo a fhorbairt go cúramach le go mbeadh sí ag teacht leis an uaillmhian náisiúnta mar a leagtar amach i straitéisí tábhachtacha Rialtais, amhail an Clár Rialtais a foilsíodh le gairid, Ár dTodhchaí Le Chéile, Tionscadal Éireann 2040, Poist sa Todhchaí in Éirinn, agus Nuálaíocht 2020. Leagtar amach sna straitéisí sin go bhfuil cuspóir ann infheistíocht sa taighde, forbairt agus nuálaíocht a fhás go suntasach, eolas agus taighde a úsáid lenár sochaí agus geilleagar a chosaint don am atá le teacht, agus leas a bhaint as poist ar ardluach agus seasmhacht shochaíoch go mbeidh rath san am atá le teacht.

Iarrtar in Nuálaíocht 2020 go ndéanfaí infheistíocht 2.5% OTN sa taighde, forbairt agus nuálaíocht. Táthar ag súil le go mbeidh gealltanas sa chéad straitéis eile i ndiaidh na straitéise sin go ndéanfaí infheistíocht 2.5% ar a laghad. Seans leoga gur ghá infheistíocht ní b'airde a bheith ann má tá Éire le bheith san iomaíocht le geilleagair fhorbartha eile a bhfuil leibhéil infheistíochta idir 2.8% agus 4% iontu[6]. 3% an sprioc atá ag an gCoimisiún Eorpach faoi láthair.

Le linn dúinn na spriocanna agus gníomhaíochtaí a ndéantar achoimre orthu thíos a fhorbairt, táimid i ndiaidh glacadh leis go mbeidh an leibhéal seo den infheistíocht taighde, forbartha agus nuálaíochta bainte amach in Éirinn faoi 2025, agus, mar gheall ar an infheistíocht sin, in éineacht le maoiniú le haghaidh tionscnaimh eile mar shampla conair acadúil Thuaidh Theas, go bhféadfaí buiséad Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a dhúbláil faoi 2025. Tá an acmhainn san éiceachóras taighde leas a bhaint as an infheistíocht mhéadaithe sin, mar atá le feiceáil ar na liostaí feithimh tograí ar chóir iad a mhaoiniú atá ag méadú, agus i gcumas Fhondúireacht Eolaíochta Éireann tallann den scoth a mhealladh agus a chothú.

Dearadh straitéis nua Fhondúireacht Eolaíochta Éireann chun tacú le huaillmhian na hÉireann maidir le taighde, forbairt agus nuálaíocht, agus leis an uaillmhian sin a bhaint amach. Seans go ndéanfar na táirgí insoláthartha a choigeartú anuas nó aníos ag brath ar choinníollacha buiséadacha, i gcomhréir le leithdháiltí deireanacha buiséadacha sna 5 bliana atá romhainn.

Má ghlactar leis go mbainfear amach an leibhéal infheistíochta sa taighde, forbairt agus nuálaíochta in Éirinn faoi 2025 agus a bhfuiltear ag dréim leis, beidh tionchar níos mó ag an straitéis seo ná riamh buntáistí eacnamaíocha agus sochaíocha a thabhairt do mhuintir na hÉireann agus chun soláthar a dhéanamh don am atá romhainn i gcoitinne a chéile. I measc tionscnaimh eile, beimid in ann breis agus 140 dámhachtain a dhéanamh gach bliain inár gcláir taighde féintreoraithe; cuirfimid oiliúint ar na sealbhóirí PhD is mó a bhfuil tóir orthu ar domhan a bheidh ina gceannasaithe, lucht saothair, agus fiontraithe amach anseo; agus déanfaimid 20 taighdeoir den chéad scoth a earcú chun na hÉireann gach bliain. Tabharfaimid tacaíocht don phobal taighde sciar níos mó de mhaoiniú iomaíoch Eorpach a fháil, agus muid ag obair go dlúth leis an Aontas Eorpach chun tionchar a imirt ar chlár oibre an taighde.

Chomh maith leis sin, déanfaimid moil taighde agus nuálaíochta a chruthú le haghaidh Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna), Cuideachtaí Ilnáisiúnta, agus rannpháirtíocht acadúil ar fud na réigiún, a mheallfaidh comhinfheistíocht ar scála ard, agus a bhunóidh líonra ceangailte rannpháirtíochta páirtithe leasmhara ar fud an chórais taighde agus nuálaíochta. Leis sin a bhaint amach, beimid ag obair go dlúth i gcónaí leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le Fiontraíocht Éireann agus leis an Údarás Forbartha Tionscail.

Mar fhreagairt don chomhairliúchán fairsing páirtithe leasmhara a leag béim ar an ngá le taighde ar theorainneacha an eolas[7], tá an Clár Teorainneacha don Todhchaí tugtha isteach ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann cheana féin. Sa straitéis sin, tugann Fondúireacht Eolaíochta Éireann gealltanas go ndéanfar infheistíocht a fhás sa taighde ar theorainneacha an eolais, agus go ndéanfar cinnte go gcuirfear deiseanna maoinithe ar fáil go rialta le haghaidh taighdeoirí ar theorainneacha an eolais. . 64:36 an cóimheas pleanáilte caiteachais in 2025 le haghaidh cláir thionscail go cláir nach cláir thionscail iad, ar an toimhde a thugtar thuas. Má dhéantar suas le 140 dámhachtain féintreoraithe a mhaoiniú in aghaidh na bliana, beidh suas le 560 deontas taighde féintreoraithe ar bun in aon am, a fhágfaidh go mbeidh acmhainn na hÉireann don taighde ar theorainneacha an eolais a bheidh iomaíoch ar bhonn domhanda.

Gineann Ionaid Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann €2 sa bhreis i maoiniú giaráilte le haghaidh gach €1 infheistíochta a dhéanann Rialtas na hÉireann. Má bhaintear amach leibhéil infheistíochta na hÉireann sa taighde, forbairt agus nuálaíocht, dhéanfaimis infheistíocht bhliantúil sna hionaid taighde a mhéadú suas le €120 milliún faoi 2025, agus mar sin chruthófaí €360 milliún gníomhaíochta taighde sa bhreis in Éirinn gach bliain. I gcaitheamh na straitéise nua seo, déanfaimid an chéad fhorbairt eile mhúnla an Lárionaid Taighde a athshamhlú, óir tabharfar isteach Lárionaid Taighde uile-oileáin; déanfar ionaid nua 'próta' a thionscnamh; agus déanfar ionaid atá cheana ann a chumasc, nuair is féidir, gur institiúidí neamhspleácha taighde ar scála níos mó a bheidh iontu.

Agus forbairt ag teacht ar an saol thart orainn i rith an ama ar ardluas, tá geilleagair fhorbartha eile ag méadú na hinfheistíochta a dhéanann siad sa taighde agus sa nuálaíocht. Má táimid leis an dul chun cinn atá déanta againn le blianta beaga anuas, le bheith inár gceannasaí domhanda nuálaíochta, agus le dul i ngleic leis na dúshlán agus deiseanna atá romhainn, caithfear tús áite a thabhairt don taighde agus don nuálaíocht in Éirinn.


Má thugtar maoiniú don straitéis *Ar dtodhchaí a mhúnlú* i gcomhréir leis an uaillmhian reatha náisiúnta mar a leagtar amach in Nuálaíocht 2020, cuideoidh sí linn ár n-uaillmhianta náisiúnta a bhaint amach, ár ngeilleagar a chosaint ar an am atá romhainn, agus cur ar ár gcumas deiseanna amach anseo a thapú.

6 An Chóiré Theas, Iosrael, an tSualainn, an Eilvéis, an tSeapáin, an Ghearmáin, an Danmhairg, an Ostair. Arna ghlacadh ón mBuiséad Taighde agus Forbartha, 2018-2019, DBEI.

7 Sa straitéis seo, ní dhéanaimid idirdhealú idir taighde bunúsach agus taighde feidhmeach; go minic bíonn gnéithe den dá cheann sa taighde luathchéime. Mar mhalairt, déanaimid tagairt do thaighde ar theorainneacha an eolais arb é is aidhm dó bonn leathan eolais a chruthú, ar féidir leis a bheith mar bhonn chun fadhbanna nó deiseanna faoi láthair nó amach anseo a réiteach.

# Buntáistí dár bpáirtithe leasmhara

**Cuirfidh uaillmhian na hÉireann, mar atá maíte, maidir le hinfheistíocht Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta, ar a cumas d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann an méid seo a leanas a dhéanamh:**




* Sprioc mhéadaithe 40% -- Le méadracht bhunaidh rianófar comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú

# Garspriocanna i
# Stair FEÉ

**2000**

**Bunaíodh Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun Ciste Fadbhreathnaitheachta Teicneolaíochta na hÉireann a riar**

**2001**

**Bronnadh na chéad deontais**

**2002**

**2003**

**Bunaíodh Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar ghníomhaireacht stáit** (An tAcht um Fhorbairt Tionscail, 2003)

**2004**

**2005**

**Bunaíodh an clár Mná sa Taighde Eolaíochta agus Innealtóireachta**

**2006**

Seoladh Straitéis an Rialtais don Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2007-2013

agus bunaíodh Comhpháirtíocht Taighde agus Forbartha SAM agus Éireann mar chomhaontas dhlínse, Éire, Tuaisceart Éireann agus SA

**2007**

**2008**

**Cuireadh an tríú gné le sainchúram Fhondúireacht Eolaíochta Éireann - Fuinneamh,** a chlúdódh fuinneamh inbhuanaithe agus teicneolaíochtaí atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de

bhí Éire **ar cheann de na fiche (20) tír ab fhearr sa rangú domhanda ar luanna**

**2009**

Foilsíodh Straitéis Fhondúireacht Eolaíochta 2009-2013 'Ag Cumhachtú **"Ag Cumhachtú an Gheilleagair Chliste"**

**2010**

**Bunaíodh Comhpháirtíocht Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, HRB agus Wellcome.**

**D'éirigh an maoiniú AE giaráilte ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann ní b'airde ná €60m**

**2011**

**2012**

Seoladh an Tosaíocht Taighde Náisiúnta nuair a sheol an Rialtas straitéis Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, Clár Oibre 2020

**2013**

An tAcht um Fhorbairt Tionscail (arna leasú), 2013, chun taighde feidhmeach, oideachas agus rannpháirtíocht an phobail a chur san áireamh.

Aistríodh an clár 'Discover Science & Engineering' ón eagraíocht Forfás go Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

Bunaíodh na chéad Ionaid Taighde ar le Fondúireacht Eolaíochta Éireann iad

**2014**

**Bhronn Fondúireacht Eolaíochta Éireann an chéad Bhonn Eolaíochta le haghaidh Lá Fhéile Pádraig in Washington D.C.**

**2015**

**2016**

D'fhoilsigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann **Straitéis Inscne 2016-2020**

**bhí Éire ar cheann de na deich (10) dtír ab fhearr sa rangú domhanda ar luanna**

**2017**

**Bunaíodh Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta Nua leis an nGearmáin, an tSín, an Ríocht Aontaithe agus le SA.**

**Taighdeoirí ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ba mhó a bhí i liosta taighdeoirí na hÉireann a luadh go mór.**

**2018**

**2019**

**Bogadh Fondúireacht Eolaíochta Éireann ó Ardán Wilton go Three Park Place**

**Teorainneacha Nua SFI don Chlár nua sa Todhchaí**

**2020**

**Rinneadh gníomhaireacht d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann sa Roinn nua Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta**

# Comhthéacs



**Rinneadh straitéis nua Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a fhorbairt i gcomhthéacs ina bhfuil athrú mór sciobtha ag teacht ar chúrsaí teicneolaíochta, eacnamaíocha, sochaíocha agus polaitíochta, mar a bhfuil an-éiginnteacht in Éirinn agus go domhanda. Táimid i bhfeidhmiú i saol sa lá atá inniu ann atá an-éagsúil ó mar a bhí roimhe seo. Tá an-phráinn romhainn, nach raibh ann roimhe, agus muid ag maireachtáil le COVID-19, agus ag teacht ar ais chugainn féin ina dhiaidh, ag ullmhú do na himpleachtaí a bhaineann leis an athrú aeráide, leis an mBreatimeacht, agus le priacail straitéiseacha éagsúla eile mar a ndéantar achoimre orthu sa Mheasúnacht Priacal Náisiúnta[8].**

Léiríonn na treochtaí sin dúshláin shuntasacha i gcomhair na hÉireann sna deich mbliana atá romhainn, ach d'fhéadfadh deiseanna a bheith ann chomh maith go fírinneach. Tá páirt thábhachtach le glacadh ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann i bhfreagairt na hÉireann do na dúshláin sin, agus chun na deiseanna a bheadh ann a thapú agus a chruthú.

## Téarnamh eacnamaíoch

Níor tharla aon rud ar nós phaindéim COVID-19 riamh i dtaca le scála agus déine an tionchair atá a imirt, in Éirinn agus thar lear. Beidh an taighde eolaíochta, agus an nuálaíocht a thiocfaidh dá bharr, mar bhunchloch chun dlús a chur le geilleagar na hÉireann arís.

Páirt riachtanach den teagasc agus oiliúint inár nInstitiúidí Ardoideachais atá sa tallann agus sa taighde a dtugann Fondúireacht Eolaíochta Éireann tacaíocht dóibh. Amach as an dul chun cinn san eolaíocht a dhéantar mar gheall ar mhaoiniú ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, faightear táirgí nua, nuálaíochtaí agus seirbhísí a chruthaíonn margaí nua, cuideachtaí nua agus poist ar luach ard. Ar na rudaí a dhéanann Fondúireacht Eolaíochta Éireann go mbeidh Éire in ann dul san iomaíocht ar scála domhanda, cuirtear ar cháil ár náisiúin sa taighde, cuirtear oiliúint ar iarchéimithe ardoilte i réimsí tábhachtacha a bhfuil éileamh orthu san earnáil fiontraíochta agus sa tsochaí go ginearálta (e.g. IS agus anailísíocht sonraí).

Bunchlocha riachtanacha atá iontu sin chun Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a mhealladh agus a fhás. Rud atá ríthábhachtach, bíonn na hiarchéimithe ardoilte, agus an tallann is fearr ó thaighde maoinithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann inár n-institiúidí ardoideachais, ag tacú leis an nuálaíocht i gcorparáidí ilnáisiúnta agus FBManna, agus mar sin déantar a dtáirgiúlacht, a n-iomaíocht agus a bhfás fadtéarmach a mhéadú.

## COVID-19 agus paindéimí eile

Ar an ábhar go bhfuil an saol ar fad ag streachailt le COVID-19, tá éiginnte faoina bhfuil le teacht i ndáil le cad é mar a dhéanfaimid éigeandálaí domhanda sláinte a thuar, a bhainistiú, agus a chosc amach anseo. Bhí ról lárnach ag pobal taighde na hÉireann i bhfreagairt na hÉireann ar phaindéim COVID-19. Bhí maoiniú ón am atá caite ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann in ann cur leis an gcumas agus saineolas seo sa chóras náisiúnta. An taighde bunúsach agus fionnachtanach a dtugann Fondúireacht Eolaíochta Éireann dó is cúis le diagnóisice, teiripic, vacsaíní, agus cúram sláinte den chéad ghlúin eile. Caithfimid an cumas seo a fhás a thuilleadh, ionas go mbeimid in ann maireachtáil leis an víreas, agus le bheith ullmhaithe níos fearr do phaindéimí agus bagairtí eile amach anseo.

Mar is léir ó phaindéim COVID-19, bhí sé thar a bheith tábhachtach freagraí a sholáthar ag luas ard chun a lán de na dúshláin a tháinig chun tosaigh a bhainistiú. Féadtar freagraí sciobtha a thabhairt ar rioscaí agus bagairtí straitéiseacha mar gheall ar chomhoibriú taighde agus nuálaíochta idir institiúidí ardoideachais na hÉireann, earnáil na tionsclaíochta agus an earnáil sláinte, agus an comhoibriú sin á spreagadh ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

## An t-athrú aeráide

Tá an maolú ar an athrú aeráide, agus an t-oiriúnú faoina chomhair, mar shaincheisteanna thar a bheith tábhachtach don chine daonna. Féadfaidh Éire a bheith mar cheannasaí i ndáil le fuascailtí a fhorbairt don ghníomhú ar son na haeráide. Tá an-tábhacht ag baint leis an taighde ar an athrú aeráide má táimid chun na fuascailtí teicneolaíochta agus eile a fhorbairt le hastaíochtaí a laghdú, agus poist agus deiseanna atá cóir agus inbhuanaithe a chruthú do mhuintir na hÉireann.

Na fionnachtana eolaíochta a dtugaimid maoiniú dóibh, beidh tionchar díreach acu ar ghníomhaíochtaí maidir leis an athrú aeráide, mar shampla: astaíochtaí tionsclaíochta a laghdú mar gheal ar charbóin a ísliú; nuálaíochtaí in aiste bia agus pórú eallaigh; gabháil carbóin nua, teicneolaíochtaí úsáide agus stórála; fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh agus a stóráil; bainistiú inbhuanaithe dramhaíola agus modhanna nua táirgeachta bia.

8 Measúnacht Priacal Náisiúnta Rialtas na hÉireann 2019 – Forléargas ar na Priacail Straitéiseacha https://assets.gov.ie/24144/fff14682a27943fbbdce8922124b5e05.pdf

Tá na tionscnaimh sin mar ghnéithe tábhachtacha i misean nua an Rialtais, Comhaontú Nua Glas, a chruthóidh leasanna inbhraite do mhuintir na hÉireann, lena n-áirítear jabanna níos fearr, sláinte níos fearr agus teacht ar mhalairtí rogha fuinnimh ar níos inacmhainne chomh maith leis an damáiste a laghdú, e.g. tuile, a bheidh ann mar gheall ar an athrú aeráide.

## An Breatimeacht

D'fhéadfadh cinneadh na Ríochta Aontaithe imeacht as an AE deiseanna nua a chruthú d'Éirinn, cionn is go ndéanfar ár gcaidreamh leis an Ríocht Aontaithe a threisiú agus go ndéanfar ár ról san Eoraip a mhéadú. Bíodh sin mar atá, sa ghearrthéarma go meántéarma, tá cinntí tábhachtacha roimh shaoránaigh agus eagraíochta sna hearnálacha idir phríobháideach agus phoiblí, chomh maith le dúshláin mhóra, a bhaineann le Brexit. Má fhágann an Ríocht Aontaithe an AE gan beartas cuimsitheach trádála socraithe, beidh dúshlán níos mó fós ag baint le téarnamh eacnamaíoch na hÉireann.

I ngach cás, beidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann ag cuidiú dul i ngleic le fadhbanna i gcoitinne, agus le caidreamh a threisiú le Tuaisceart Éireann agus an Bhreatain Mhór, ina ngníomhaíochtaí faoin straitéis nua seo. Tá comhpháirtíochtaí éagsúla cheana féin againn le UK Research and Innovation, Wellcome Trust, agus an Cumann Ríoga. Déanfaimid na comhpháirtíochtaí sin a leathnú agus a mhéadú sa dóigh is gur féidir le taighdeoirí agus cuideachtaí na hÉireann tairbhe a bhaint as saineolas agus áiseanna comhlántach den scoth sa Ríocht Aontaithe.

Maidir le Tuaisceart Éireann, an fhorbairt is déanaí a bhí ann ná go bhfuil Fondúireacht Eolaíochta Éireann i ndiaidh dul i gcomhar leis an Roinn Geilleagair (Tuaisceart Éireann) le haghaidh Chéim 2 dár nGairm Mhearfhreagartha COVID-19 ar Mhaoiniú. Cuirfimid go mór leis an gcomhoibriú taighde Thuaidh Theas, agus tá pleananna uaillmhianacha againn le haghaidh Ionaid Taighde uile-oileáin agus comhpháirtíochtaí taighde eile a thacóidh leis an gcuspóir atá i gClár an Rialtais, Oileán Comhroinnte.

## Deiseanna amach anseo

Tá dlús leis an luas ag a bhfuil saothar agus fionnachtana eolaíochta, innealtóireachta, agus teicneolaíochta ag tarlú. Sna deich mbliana atá romhainn, tiocfaidh fás agus forbairt ar Idirlíon na nEarraí, blocshlabhra agus teicneolaíochtaí eile. I measc na réimsí ina mbeidh dul chun cinn, d'fhéadfadh go mbeadh cuid acu seo: nascacht, seicheamh ar thréchur ard, déantúsaíocht bhreisithe, nanaitheicneolaíocht, éifeachtúlacht ríomhairí, teicneolaíocht chandamach, intleacht shaorga, meaisínfhoghlaim, róbataic, agus bitheolaíocht shintéiseach. Táimid ag maireachtáil le linn ré ina bhfuil doiléireacht idir réimsí iarrachtaí, agus tá bealaí nua fiosrachta agus nuálaíochta á gcur ar fáil ag taighde a bhaineann le níos mó ná disciplín amháin. Déanann trí ráiteas shimplí achoimre ar chomh mór agus atá an deis: gach ní is féidir a thomhas, déanfar a bhrath; gach ní a bhraitear, déanfar a cheangal; gach ní a cheanglaítear, déanfar a uathoibriú.

Tír iomaíocht, nuálach atá in Éirinn agus uaillmhianta aici a bheith mar Cheannasaí Domhanda Nuálaíochta. Tá sé mar aidhm leis an gclár nua don Rialtas, Todhchaí Comhroinnte, "taighde atá bunaithe in Éirinn le bheith ar thús cadhnaíochta sa chéad chéim eile de theicneolaíochtaí bunathraitheacha, ag treorú seachas de bheith ag leanúint na réabhlóide teicneolaíochta agus é ina lárionad do bhuntaighde bunaidh freisin".

Braitheann rath agus uaillmhian na hÉireann sa todhchaí a bheith ina ceannaire agus ina céad cheannródaí, seachas de bheith ina leantóir, ar ár n-ullmhacht don domhan athraitheach seo a chinntiú agus ar fhorbairt leanúnach an gheilleagair eolasbhunaithe. Tá buntáistí déimeagrafacha ag baint le hÉirinn sa mhéid sin: is tír bheag í, tá an daonra inti óg agus oilte, is tír solúbtha í, agus tá líonraí láidre inti idir taighdeoirí, lucht glactha teicneolaíochta, agus lucht déanta beartas.

Tá sé mar aidhm ag SFI na deiseanna a thairgeann an tírdhreach sin a bhíonn ag síorathrú go tapa a thapú chun réimsí nideoige a shainaithint. Braithfidh ár n-athléimneacht agus ár gcumas sa todhchaí chun déileáil le suaití sa todhchaí ar cé chomh maith agus a fhorbróimid agus a mbainimid úsáid as ár mbonn eolaíoch agus teicneolaíochta. Tá sé de dhualgas ar SFI agus a chomhpháirtithe oibriú le chéile sna réimsí seo chun ár n-uaillmhian a bhaint amach.

Sa chomhthéacs seo tá ról ríthábhachtach, forghníomhach ag SFI maidir le hÉirinn a ullmhú "don chéad rud eile atá amach romhainn".

**SDG 13 Gníomh Aeráide:** SFI 13 Gníomhú ar son na haeráide Luann na Náisiúin Aontaithe gurb é an tAthrú Aeráide an tsaincheist lena sonraítear ár gcuid ama agus anois táimid tráth na saincheiste baint amach againn. D'aithin an Coimisiún Eorpach Oiriúnú don Athrú Aeráide, lena n-áirítear Claochlú Sochaíoch mar cheann de na cúig réimse misin don chéad tráinse eile de mhaoiniú AE, Fís Eorpach. Tá gníomhaíocht aeráide ríthábhachtach do mhisean an rialtais nua d'fhonn Comhaontú Nua Glas d'Éirinn a bhaint amach. Glacfaidh SFI a pháirt trí nuálaíochtaí teicneolaíochta a mhaoiniú a chuirfidh ar chumas sochaithe athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó sna deich mbliana amach romhainn.

# Ag Soláthar Inniu:

## Taighde den Scoth, An Tallann is Fearr agus Buntáistí Inbhraite

Glactar leis go forleathan go bhfuil "*an nuálaíocht, agus scaipeadh na nuálaíochta, ar cheann de na príomhchúiseanna le fás táirgiúlachta agus cruthú post*"[9]. Éilíonn folláine shochaí agus gheilleagar na hÉireann taighde agus nuálaíocht den scoth chun an tír a dhifreáil i margadh domhanda atá ag éirí níos casta agus níos iomaíche agus chun freagairt do phaindéim agus athrú aeráide COVID-19, go tapa agus go forásach.

Aithníonn sochaithe agus geilleagair nua-aimseartha nach bhfuil sé d'acmhainn acu fanacht mar atá siad agus iad ag infheistiú go leanúnach i dtaighde agus i nuálaíocht.  Faoi láthair tá córas taighde agus nuálaíochta ardfheidhmíochta, an-éifeachtach in Éirinn. Mar sin féin, tháinig laghdú ar dhéine an mhaoinithe phoiblí ar T&F in Éirinn ó 0.60 % den Ollioncam Náisiúnta modhnaithe (OIN*) in 2012 go 0.40 % de OIN* in 2017[10]. Tá sé sin faoi bhun mheán AE-28 de 0.59 % den Olltáirgeacht Intíre (OTI) agus i bhfad faoi bhun Cheannairí Nuálaíochta Domhanda amhail an Danmhairg (0.89 % den OTI) agus an tSualainn (0.78 % den OTI).

Ina theannta sin, tá tearcfheidhmíocht shuntasach ag Éirinn ar chritéir Scórchlár Nuálaíochta na hEorpa maidir le cómhaoiniú príobháideach ar chaiteachas ar thaighde agus forbairt phoiblí[11]. I dtimpeallacht atá iomaíoch go domhanda, ní mór dúinn, mar náisiún, coinneáil suas chun na gnóthachain a rinneamar a chaomhnú agus chun ár gcuspóir náisiúnta a bhaint amach chun a bheith mar Cheannaire Nuálaíochta.

Ar na cúiseanna sin, **tá Ag Seachadadh Inniu** bunaithe ar thrí chuspóir: **Taighde den Scoth, Tallann den Scoth agus Buntáistí Inláimhsithe**. Trí na cuspóirí sin a bhaint amach cuirtear ar chumas ár dtíre **tógáil** ar na héachtaí a rinneamar le déanaí trí ghníomhaíocht ar mhaoiniú SFI a mhéadú tuilleadh *maidir le taighde den scoth agus tallann den scoth*, ag táirgeadh *buntáistí inláimhsithe* do shochaí agus do gheilleagar na hÉireann **inniu**. Déantar achoimre ar na trí chuspóir sin thíos:

Maidir le **Taighde den Scoth**, tacaíonn agus spreagann SFI cion na hÉireann i ndáil leis na forbairtí eolaíochta is déanaí as a dtagann nuálaíocht don saol acadúil, don fhiontraíocht, don earnáil phoiblí, don rialtas, don tsochaí agus níos faide i gcéin. Cuirfidh na forbairtí sin, mar shampla, astaíochtaí, fuinneamh agus tionscnaimh gníomhaíochta aeráide eile chun cinn, ar comhpháirteanna lárnacha iad de mhisean *Chomhaontú Nua Glas* an Rialtais. D'fhonn tacú le taighde ar theorainneacha an eolais a sholáthraíonn na forbairtí eolaíochta seo, coinneoimid punann atá cothromaithe idir teorainneacha agus taighde feidhmeach, agus idir Lárionaid Taighde, taighde faoi stiúir an duine aonair, agus ár scéimeanna eile. Ina theannta sin cuimsítear le **Taighde den scoth** an t-idirphlé Thuaidh-Theas a mhéadú agus tacú le misean an Chláir Rialtais maidir le *hOileán Comhroinnte* trí thacaíocht a thabhairt do Lárionaid Taighde ar fud an Oileáin ar fad.

Trí **Thallann den Scoth**, tógann, meallann agus coinníonn SFI tallann acadúil agus taighde éagsúil a ghríosaíonn sochaí nuálaíochta na hÉireann. Is é an tallann sin, a fhástar sa bhaile agus a allmhairítear araon, bunchloch ár nInstitiúidí Ardoideachais, a mheallann Infheistíocht Dhíreach Eachtrach, a thacaíonn le nuálaíocht áitiúil, a chuireann bonn eolais faoin mbeartas náisiúnta agus a chuireann go leor nithe dearfacha eile isteach sa tsochaí.

Le **Buntáistí Inláimhsithe,** geallann SFI do mhuintir na hÉireann go ndéanfaidh an taighde a mhaoinímid an difríocht is mó is féidir dár sochaí agus dár ngeilleagar. Tá sé sin ag teacht go láidir le dhá cheann de chroí-mhisin an Chláir don Rialtas: *Caighdeán Beatha Níos Fearr do Chách agus an Geilleagar a Athmhúscailt agus a Athnuachan*. Cuimsítear leis sin gach rud ó phoist ardluacha a chruthú, go cúram sláinte na chéad ghlúine eile a chuideodh le freagairt do phaindéimí amach anseo, go taighde a threoróidh cinntí beartais an rialtais, a fheabhsóidh folláine mhuintir na hÉireann agus a athróidh an tsochaí chun feabhais.

D'fhonn an uaillmhian ardleibhéil maidir le **Ag Seachadadh Inniu**, a bhaint amach tá gníomhaíochtaí comhfhreagracha ar leith ag gach téama.

9 The economic rationale for public R&I funding and its impact, Ard-Stiúrthóireacht an Taighde, An Coimisiún Eorpach, 2017

10 An Buiséad Taighde agus Forbartha 2018-2019, Leithdháiltí Bhuiséid an Rialtais don Taighde agus Forbairt, an Roinn Gnó, Fiontraíochta agus Nuálaíochta

11 Scórchlár Nuálaíochta Eorpach, an Coimisiún Eorpach, 2019

# Taighde den Scoth

**Beidh ról ríthábhachtach ag baint le soláthar leanúnach láidir taighde den scoth in Éirinn maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chomhlíonadh, misean *Chomhaontú Nua Glas* an Rialtais, ag seoladh tríd an réabhlóid dhigiteach agus nádúr athraitheach na hoibre.**

Tá athrú céime cruthaithe ag SFI i bhfeidhmíocht chóras taighde agus nuálaíochta na hÉireann. Mar shampla, dhaingnigh Lárionaid Taighde SFI agus cláir eile tionsclaíochta eile cómhaoiniú agus comhoibriú tionscail gan fasach. Mar thoradh ar an taighde lena dtacaíonn SFI tá teicneolaíochtaí níos fearr, táirgí nua níos fearr, próisis nua níos fearr agus seirbhísí feabhsaithe. Cuireann sé sin geilleagar eolasbhunaithe na hÉireann chun cinn, feabhsaíonn sé folláine shochaíoch, agus tógann sé athléimneacht don todhchaí.

Cinntítear le straitéis nua SFI go gcumhachtóidh Éire barr feabhais eolaíocht na hÉireann in athuair, trí shraith leanúnach d'éachtaí eolaíochta agus nuálaíochta a chinntiú, agus trí réitigh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha. Déanfaidh SFI an ghníomhaíocht comhpháirtíochta tionscail-acadúil a leathnú trí scéimeanna cómhaoinithe éagsúla a sheachadadh ar fud na straitéise nua iomláine. Cinnteoidh SFI na caighdeáin is airde de chleachtas taighde, beidh sé nuálach ina phróisis féin chun a chinntiú go dtacaítear le taighde den scoth agus leathnófar leis lorg idirnáisiúnta thaighde na hÉireann. Chun taighde teorainneacha den scoth a sholáthar a thabharfaidh mórfhorbairtí eolaíochta, coinneoimid punann atá cothromaithe idir teorainneacha agus taighde feidhmeach, agus idir Lárionaid Taighde, taighde faoi stiúir an duine aonair, agus ár scéimeanna eile i gceist leis. Cinnteoidh punann cothrom go mbeidh deis ag gach taighdeoir ETIM le dul san iomaíocht le haghaidh maoiniú SFI. Déanfaidh SFI a ghníomhaíochtaí a chothromú trí bheith ina eagraíocht níos eolasaí ó thaobh sonraí de (pléitear sin tuilleadh in**Féachaint lena bhfuil ag teacht**). Úsáidfear na sonraí sin chun léargas ceart a thabhairt ar an gcaoi a ndéanaimid faireachán leanúnach ar an bpunann maoinithe agus chun aghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí criticiúla. Déanfaimid é sin freisin trí chomhoibriú le daoine eile ar fud an chórais taighde agus nuálaíochta (a phléitear in **Éicea-chóras Comhtháite**).

## Gníomhaíochtaí:

1. **Cláir foirne faoi stiúir daoine aonair SFI a neartú** d'fhonn ligean do smaointe do thaighde theorainneacha spréachadh agus fás ón mbun aníos. Fásfaidh SFI a scéimeanna taighde teorainneacha ar fad chun a chinntiú go seachadfaidh SFI punann atá cothromaithe thar theorainneacha agus taighde feidhmeach. Déanfaimid, mar shampla, leathnú suntasach ar an gClár Teorainneacha don Todhchaí agus ar an gclár maidir le Deontas Taighde don Imscrúdaitheoir Tosaigh.

2. **GClár na Lárionad Taighde SFI a fhás agus a fhorbairt chomh maith le cláir fiontraíochta eile atá ag SFI** d'fhonn taighde a chur chun cinn thar gach réimse de ETIM. Forbróimid agus tacóimid le fás na Lárionad Taighde atá ann cheana. Maoineofar Prótai-Ionaid nua chun tús a chur leis an bpróiseas chun grúpaí saineolais atá ann cheana a mhéadú go leibhéil iomlána Lárionad Taighde agus déanfaimid iniúchadh ar na roghanna chun ionaid atá ann cheana a chumasc go hInstitiúidí Náisiúnta Taighde i gcéimeanna maoinithe amach anseo. Maoineofar na Lárionaid Taighde, na Prótai-ionaid agus hInstitiúidí Náisiúnta Taighde nua i réimsí a bhfuil deis uathúil ann d'Éirinn agus sna cásanna ina bhfuil samhail an Lárionaid oiriúnach. (Féach Gníomh 14 in Éiceachóras Comhtháthaithe freisin ina roinnfidh comhpháirtíochtaí taighde comhoibríocha uile-oileáin saineolas chun leasa a chéile Thuaidh agus Theas).

3. **Caighdeáin SFI agus caighdeáin náisiúnta eolaíochta oscailte, dea-chleachtas taighde agus rialachas taighde, lena n-áirítear ionracas, bainistíocht sonraí agus in-atáirgtheacht, rochtain oscailte ar fhoilseacháin agus sonraí, eitic, cuimsitheacht agus éagsúlacht a leabú** sa taighde arna mhaoiniú ag SFI. Cuirfidh sé sin ar ár gcumas beartas taighde a ailíniú agus tionchar a imirt, ach ní sin amháin, ach ina theannta sin beartas taighde a mhúnlú agus ceannaireacht a dhéanamh maidir le dea-chleachtas go hidirnáisiúnta; tá na réimsí sin ina gcuid dhílis de bharr feabhais a bhaint amach san eolaíocht arna maoiniú ag SFI.

4. **Infheistiú i gcláir bhonneagair taighde úrscothacha** a éascóidh taighde den scoth ar ardchaighdeán.

5. **Láithreacht na hÉireann ar fud an domhain a leathnú,** i gcomhar leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Tógfar ar chlár píolótach Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar éirigh go han-mhaith leis sna Stáit Aontaithe, chun comhoibriú a aimsiú agus a éascú faoi chomhair taighdeoirí, maoinitheoirí, eagraíochtaí daonchairdis, agus fiontair idirnáisiúnta a bhfuil suim acu dul i gcomhar le taighde agus nuálaíocht na hÉireann, agus chun tionsclaíocht agus fiontraithe a mhealladh chun na hÉireann.

6. **Próisis shimplí, thrédhearcacha agus chomhsheasmhacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme** d'fhonn éifeachtúlachtaí a chur chun cinn trí éascaíocht úsáide a mhéadú d'iarratasóirí SFI agus do dhámhachtaithe. Déanfaidh SFI éifeachtúlachtaí inmheánacha a thiomáint trí bharainneachtaí scála a úsáid. Ina theannta sin, tógfaidh SFI ar dhea-chleachtas domhanda agus cothromóidh sé an gá le cuntasacht agus luach ar airgead an cháiníocóra le ceanglais chiallmhara maidir le haighneacht agus tuairisciú. Neartóimid an chaoi a gcomhlíonann SFI rialacháin um chúnamh Stáit trí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhlíonadh a rinneadh maidir le gach clár maoinithe SFI i ndáil le státchabhair agus maidir leis na torthaí a lean iad a chur chun feidhme.

7. **Leanúint ar aghaidh ag tacú le seachadadh an dá theorainn agus le barr feabhais taighde feidhmigh** trí na Lárionaid Taighde SFI atá ann a fheabhsú agus a leathnú (féach freisin na gníomhartha i **Scileanna Amach Anseo agus Buntáistí Inláimhsithe).**

# An tallann is fearr

**Braitheann folláine shochaíoch agus eacnamaíoch na hÉireann go criticiúil ar na daoine a chónaíonn agus a oibríonn anseo. Beidh infhaighteacht na tallainne is fearr ar cheann de na buanna is mó a bheidh ag Éirinn agus muid ag dul in iomaíocht ar fud an domhain le bheith mar gheilleagar eolasbhunaithe den scoth. Cuirfidh tallann den scoth ar chumas na hÉireann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éagsúla a bhaineann le hullmhú do Brexit, agus *Comhaontú Nua Glas* a bhaint amach agus ullmhú le haghaidh paindéimí amach anseo. Cinntíonn próisis idirnáisiúnta iomaíocha bunaithe ar athbhreithniú piaraí SFI go dtacaítear leis na daoine is fearr ag gach céim dá ngairmréim. Is príomh-aschur de mhaoiniú taighde SFI é an tallann den scoth sin agus is é an bunús é do gheilleagar eolasbhunaithe na hÉireann.**

Forbróimid an tallann taighde reatha in Éirinn chun cabhrú leis an saol acadúil, le fiontraíocht agus leis an earnáil phoiblí a chothú agus chun iomaíochas agus táirgiúlacht náisiúnta a bhrú chun cinn. Oibreoidh SFI chun cumas dhaoine tréitheacha atá ann a úsáid agus a leathnú chun oibriú i réimsí nua agus chun freagairt do dhúshláin shonracha eacnamaíocha agus shochaíocha.

Déanfaidh SFI cláir ghairmréime oiriúnacha a fhorbairt tuilleadh ionas go mbeidh contanam de dhaoine tréitheacha ann le deiseanna chun dul ar aghaidh trí na céimeanna taighde agus gairmréimeanna acadúla, ó thaighdeoirí luathghairmréime go ceannairí taighde domhanda seanbhunaithe. Úsáidfimid anailísíocht sonraí spriocdhírithe chun bearnaí sna gairmréimeanna agus easnaimh scileanna féideartha a mheas agus, mura gcumhdófar iad sna cláir náisiúnta atá ann cheana, cinnteoimid go n-oibreoidh SFI le maoinitheoirí eile chun na bearnaí sna gairmréimeanna a réiteach. Beimid ag díriú i dtosach ar thaighdeoirí luath-ghairmréime-go-taighdeoirí atá ag lár a ngairmréime agus iad ag tógáil ar a ngairmeacha taighde neamhspleácha. Díreofar le forbairt tallainne freisin ar 'theacht agus imeacht daoine sainoilte' agus soghluaisteacht tallainne idir Éirinn agus thar lear a éascú agus sárthallann a earcú chun cónaí agus oibriú sa tír.

Is fearr is féidir **Taighde den Scoth** agus **Buntáistí Inláimhsithe** a bhaint amach nuair a bhíonn comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú neadaithe sa cheannaireacht agus sa chinnteoireacht, i bhfoirne taighde, in ábhar taighde, laistigh de SFI agus ar fud an chórais taighde agus nuálaíochta. Tá cás gnó na héagsúlachta i ngeilleagar an eolais agus na nuálaíochta ollmhór - spreagann an éagsúlacht nuálaíocht agus táirgiúlacht i ngnó ar fud an domhain. Tá SFI tiomanta do thimpeallacht a chruthú le go mbeidh rath ar thallann éagsúil. Trí mheán ár ngníomhartha, cuirfimid feabhas ar na deiseanna do gach taighdeoir agus cinnteoimid go bhféadann grúpaí tearcionadaithe agus tearcionadaithe cur go mór le taighde eolaíoch agus go mbeidh gairmeacha rathúla acu in ETIM.

Trí fhiosracht a spreagadh i ngach aoisghrúpa agus ar gach leibhéal oideachais, cinnteoidh SFI go n-áiritheofar soláthar leanúnach tallainne sna blianta amach romhainn. Chun é sin a bhaint amach, tacóidh muid go mór le glacadh an dea-chleachtais in oideachas ETIM, mar shampla trí chomhpháirtíochtaí a chumasú idir soláthraithe oideachais foirmiúla agus neamhfhoirmiúla

## Gníomhaíochtaí:

1. **Sraith clár SFI a ailíniú** go hinmheánach agus le maoinitheoirí eile, ionas go mbeidh contanam tacaíochta ann do thaighdeoirí agus iad ag dul ar aghaidh ó ghairmréim luath go taighdeoirí seanbhunaithe. Áireofar leis sin líon iomchuí clár sceidealta agus spriocdhírithe do thaighdeoirí iarchéime, taighdeoirí luath-ghairmréime agus taighdeoirí lár-ghairmréime.

2. **Taighdeoirí spriocdhírithe den scoth agus sárthaighdeoirí nua a shainaithint agus a earcú le bogadh go hÉirinn** chun gníomhú mar núicléis de ghrúpaí taighde den scoth a mheallfaidh Infheistíocht Dhíreach Eachtrach, gníomhaíocht fiontraíochta, agus a neartóidh saineolas áitiúil. Ag obair le fiontraíocht, le pobal na nInstitiúidí Ardoideachais agus trí na Lárionaid Taighde, beimid ag díriú agus ag leathnú earnálacha taighde ar leith agus comhcheapacháin le hollscoileanna idirnáisiúnta den scoth i réimsí straitéiseacha a bhfuil tábhacht leo d'Éirinn.

3. **Leathnú na gClár SFI maidir le hOideachas a Aimsiú** (Aimsigh Dámhachtainí Eolaíochta Bunscoile agus Matamaitice agus Todhchaíochtaí Cliste) chun rannpháirtíocht in oideachas eolaíochta a mhéadú agus feasacht i leith gairmréimeanna a thabhairt isteach go cláir fhochéime.

4. **Taighdeoirí a éascú chun teacht isteach agus amach as Éirinn** ionas go dtabharfar eolas agus scileanna go hÉirinn ó thar lear agus a mhalairt trí mheicníochtaí agus deiseanna soghluaisteachta a mhéadú. Leis an gcineál sin de theacht agus imeacht daoine sainoilte – seachas imirce daoine sainoilte – spreagfar idirnáisiúnú breise ar thaighde na hÉireann, rud a thógfaidh ar líonraí taighdeoirí agus iomaíochas a mhéadú i gcomhpháirtíochtaí agus i maoiniú idirnáisiúnta e.g. nuair a dhéantar iarratas ar mhaoiniú AE sa chlár Fís Eorpach.

5. **Comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a fheabhsú, lena n-áirítear éagsúlacht inscne[12],** ag gach céim den chonair ghairme taighde. Méadóimid an rannpháirtíocht le pobail tearcionadaithe nach ndéantar freastal cuí orthu d'fhonn na bacainní atá ann a thuiscint. Trí nuálaíochtaí inár nglaonna agus trí thacú le hathruithe beartais, leanfaimid orainn ag tabhairt aghaidh ar mhíchothromaíochtaí maidir le comhionannas, inscne agus éagsúlacht agus ar ionchuimsiú. Tabharfaimid aghaidh freisin ar na dúshláin sin i gcomhthéacs dámhachtaithe agus foirne a mhaoinítear, ó thaobh ábhar taighde de agus maidir leis an mbreithniú a dhéantar ar úsáideoirí deiridh an taighde. Leanfaimid orainn ag tabhairt aghaidh ar mhíchothromaíochtaí éagsúlachta sna hathbhreithneoirí a úsáideann SFI agus maidir le baill foirne SFI. Trí thionscnaimh nuálacha, tacóimid le beartais chun folláine agus cothromaíocht oibre is saoil a fheabhsú sa timpeallacht taighde. Foilseoidh SFI Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú cuimsitheach ina dtabharfar breac-chuntas ar ghníomhartha agus spriocanna sonracha maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú mar bheart leantach do straitéis 2016-2020.

6. **Rannpháirteachas agus rannpháirtíocht gheografach a mhéadú** ar fud na tíre, in Ionaid Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann san áireamh, agus comhoibriú níos mó leis na hOllscoileanna Teicneolaíochta nua agus leis na hInstitiúidí Teicneolaíochta, lena chinntiú go mbaintear amach na leasanna a thagann as ár ngníomhaíochtaí ar fud na hÉireann ar fad. Mar shampla, rannpháirtíocht Institiúidí Ardoideachais faoi ghannionadaíocht i scéimeanna SFI a mhéadú trí threoirthionscadail a dhéanamh de ghníomhaíochtaí maoinithe buntaighde.

7. **Cláir rannpháirtíochta poiblí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a fhorbairt** chun tacú le rannpháirtíocht ó réimse níos leathan ón tsochaí shibhialta agus ó ghrúpaí pobail, agus teagmháil leo, ar fud scéimeanna Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, mar shampla tús áite a thabhairt don infheistíocht i gcláir a dhíríonn go sonrach agus mar is cuí ar ghrúpaí áirithe pobail nó sa tsochaí shibhialta níos leithne.

8. **Eochairtháscaire feidhmíochta comhroinnte a chomhfhorbairt le** comhpháirtithe lena chinntiú go dtugtar tosaíocht d'athraitheacht inscne laistigh de chóras taighde agus nuálaíochta na hÉireann. Le forbairt an chomharba do Nuálaíocht 2020 soláthraítear deis iontach chun an PTF seo a roinnt.

12 https://www.sfi.ie/resources/SFI-Gender-Strategy-2016-2020.pdf agus https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Policy-Reports/gender-action-plan-2018-2020.pdf

# Buntáistí Inbhraite

**Is é aidhm ar deireadh FEÉ feabhas a chur ar shaol na ndaoine in Éirinn. Tá cumas uathúil ag FEÉ a chinntiú go ndéanfaidh na daoine cumasacha agus an eolaíocht lena tacaímid difear dearfach. Leis an taighde a mhaoiníonn FEÉ soláthraítear buntáistí trí mhéadú a dhéanamh ar rachmas agus ar tháirgiúlacht; feabhas a chur ar chaighdeán na beatha, sláinte agus folláine; bonn eolais a chur faoin mbeartas rialtais; agus dul i ngleic le ceisteanna comhshaoil. Leanfaidh FEÉ lena chinntiú go mbeidh an t-eolas a chruthófar lena thaighde maoinithe tairbhiúil, go n-aistreofar é chuig an tsochaí i gcoitinne agus go suífidh an tsochaí i gcoitinne isteach é.**

Aithníodh FEÉ ar bhonn idirnáisiúnta as sármhaitheas sa taighde a chothromú go rathúil le tóir an tionchair eacnamaíoch agus shochaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann. Mar eagraíocht athnuafaidh FEÉ an dóigh a ndéanann cleachtais agus próisis inmheánacha an tionchar féideartha a uasmhéadú agus cinnteoidh sé luach ar an airgead poiblí. Oibreoimid leis an gcóras taighde agus nuálaíochta níos leithne chun é sin a bhaint amach d'Éirinn.

Dóigh amháin a bhféadfadh leis an taighde an tairbhe is dearfaí a bheith aige ná go n-oibreodh taighdeoirí agus maoinitheoirí le chéile chun tús áite a thabhairt do thairbhí an taighde ag céim an iarratais agus le linn an taighde féin araon. I straitéis nua FEÉ, tiomnaíonn FEÉ d'oibriú lena thaighdeoirí agus tacú leo lena chinntiú go ndéanfar an tairbhe dhearfach fhéideartha a uasmhéadú.

Is ionann na Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus thart ar 99.8% d'fhiontair ghníomhacha na hÉireann[13]. Sa chlár don rialtas Ár dTodhchaí Le Chéile leagtar béim faoi leith ar na naisc idir taighde agus FBManna a leathnú. Ní mór an caipiteal daonna, an nuálaíocht agus an teicneolaíochta atá cruthaithe le taighde atá maoinithe ag FEÉ a aistriú go héifeachtúil go dtí an earnáil fhíortábhachtach seo de gheilleagar na hÉireann. Cuideoidh straitéis nua FEÉ le borradh a chur faoi tháirgiúlacht na bhfiontar sa bhaile trí bhéim a chur ar chomhpháirtíochtaí agus ar cheangail a chothú idir ár FBManna agus institiúidí ardoideachais. Déanfar é sin trí mhalairt eolais, trí cheadúnú foirmiúil teicneolaíochta, trí thacaíochtaí nua FBM, trí chuideachtaí nua a chur ar bun, agus trí oibriú le Fiontraíocht Éireann, na nInstitiúidí Teicneolaíochta, agus na hOllscoileanna Teicneolaíochta nua[14].

Tá ár gcláir ina bpríomhghné den spreagadh borradh a chur faoi iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann agus infheistíocht dhíreach eachtrach (IDC) a mhealladh. Lean, agus leanfaidh, Ionaid Taighde FEÉ agus a gcomhpháirtíochta fiontar móra le bheith páirteach go rathúil, ag spreagadh IDC isteach go hÉirinn agus na comhpháirtithe a leabú tuilleadh in Éirinn. Go tábhachtach, éascóidh FEÉ forbairt, ar mhórscála, cláir taighde agus nuálaíochta cómhaoinithe le fiontair.

13 https://dbei.gov.ie/en/What-We-Do/Supports-for-SMEs/Small-Business/
14 https://www.education.ie/en/Publications/Education-Reports/connectedness-collaboration-through-connectivity.pdf

## Gníomhaíochtaí:

1. **Meastóireacht ar thionchar féideartha na n-iarratas ar mhaoiniú nó ar dhámhachtainí** arna ndéanamh ag FEÉ a mhéadú agus an próiseas athbhreithnithe agus na critéir a chur in iúl go soiléir do na hiarratasóirí. Cinnteoidh sé sin go mbeidh dámhachtaithe FEÉ ag díriú ar mhéadú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sochaíoch a ndámhachtainí ag céim an iarratais, agus an taighde á dhéanamh, agus nuair a bheidh an dámhachtain críochnaithe, Méadóidh sé sin an dóchúlacht go mbainfear na tionchair amach ansin.

2. **Feabhas a chur ar bheartas bunaithe ar fhianaise chun** bonn eolais níos fearr a chur faoi dhéanamh beartas náisiúnta. Agus muid ag obair le DFHERIS agus gníomhaireachtaí agus Ranna eile, bunóimid cruinniú mullaigh, ardán agus deiseanna mionteagaisc do pháirtithe leasmhara chun plé a dhéanamh maidir le beartais náisiúnta agus dúshláin le taighdeoirí eile agus a mhalairt.

3. **Comhoibriú le lucht déanta beartas, maoinitheoirí eile, taighdeoirí, fiontair agus an tsochaí shóisialta** chun an cumas um aistriú eolas sa chóras taighde agus nuálaíocht a fhorbairt agus bearta feidhmíochta i ndáil leis an tionchar eacnamaíoch agus sochaíoch a chomhaontú.

4. **Feabhas a chur ar thomhas agus anailís FEÉ ar an tionchar eacnamaíoch agus sochaíoch níos leithne** chun éachtaí an phobail taighde atá maoinithe ag FEÉ a ghabháil agus a chur in iúl ar bhealach níos fearr do lucht spéise éagsúil, ag foghlaim ó dhaoine eile agus ag píolótú gníomhaíochtaí nua.

5. **Cláir nua a thabhairt isteach chun rannpháirtíocht a fheabhsú idir FBManna agus fiontraithe,** ina mbeidh idir thaighdeoirí atá maoinithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Ionaid Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, mar shampla, moil taighde agus nuálaíochta a chruthú le haghaidh na rannpháirtíochta tionsclaíochta agus acadúla ar fud na réigiún, ionas go mbainfear fíorthionchar an aistrithe eolais amach ar bhonn níos fearr. Leis na moil sin leanfar prionsabail AE um Speisialtóireacht Chliste, lena bhforbrófar príomhscileanna i mbraislí réigiúnacha. Díreofar scéimeanna nua ar thréimhsí feithimh, maorlathas agus castacht a laghdú. Comhoibreoimid ar bhealach níos fearr le Fiontraíocht Éireann, na hInstitiúidí Teicneolaíochta, agus na hOllscoileanna Teicneolaíochta. Déanfaimid iniúchadh ar na Díolúintí Státchabhrach Eorpacha agus, i gcomhar leis an bPrótacal Náisiúnta um Maoin Intleachtúil, cinnteoimid gur féidir tairbhí uasta a bhaint amach trí iarrachtaí comhoibríocha an phobail fiontraíochta agus taighde araon.

6. **Feabhas a chur ar chlár na nIonad Taighde** chun a thionchar eacnamaíoch agus sochaíoch a chur chun cinn. Leis an tsamhail maoiniúcháin nua don dara céim de na hIonaid Taighde cinnteofar athrú ó bhonn ar an maoiniú a threiseoidh na hIonaid taighde. Forbróimid clár uaillmhianach don tríú céim de na hIonaid Taighde.

7. **Comhpháirtíochtaí straitéiseacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt** chun an tionchar eacnamaíoch a spreagadh agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha, lena n-áirítear misin Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, agus tá gníomh aeráide ina shampla de phríomhthosaíocht.

# Ag Ullmhú don Todhchaí:

## Éiceachóras comhtháite, scileanna don todhchaí, agus ag súil lena bhfuil ag teacht

Agus muid ag breathnú chun tosaigh ar na deich mbliana amach romhainn agus ar na forbairtí, dúshláin agus deiseanna tuartha agus nua a chruthóidh daoine agus a chuirfear os ár gcomhair, is iad na tíortha diantaighde is mó atá chun cinn agus ullmhaithe a mbainfidh tairbhe as agus a bheidh athléimneach. Leis an taighde den scoth agus an tallann a dtacaíonn FEÉ leo ullmhófar Éire chun bheith chun tosaigh maidir le dul i ngleic le dúshláin bhuanseasmacha agus nua; spreagfaidh siad dul chun cinn i dtreo teicneolaíochtaí nua amhail AI, cibearshlándáil; agus cuirfidh siad ar chumas na hÉireann buntáiste an cheannródaí a bhaint amach i réimsí úrnua.

Ar na chúiseanna sin, agus lena chur ar chumas na hÉireann dul ó bheith ina *'leantóir gasta go bheith ina ceannródaí'*, dírítear **Ag Ullmhú don Todhchaí** ar thrí chuspóir: **Éiceachóras Comhtháite**, **Scileanna don Todhchaí, agus ag Féachaint lena bhfuil ag Teacht**. Déantar achoimre ar na trí chuspóir sin thíos:

### Éiceachóras comhtháite

In **Éiceachóras Comhtháite,** bainfimid leas as sainordú soiléir na Roinne nua Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde Nuálaíocht agus Eolaíocht chun córas taighde agus nuálaíochta níos comhtháite a chruthú. Comhoibreoimid le Ranna eile agus maoinitheoirí eile chun an sainordú sin a bhaint amach. Déanfaimid ár gcaidreamh leis an Údarás um Ard-Oideachas agus an Chomhairle um Thaighde in Éirinn a threisiú go mór. Coinneoimid an caidreamh láidir oibre atá againn le ÚFT Éireann agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Bunóimid bealaí cumarsáide idir an eolaíocht agus an pobal ar a bhfreastalaíonn sí, ag comhchruthú an taighde le saoránaigh agus ag tabhairt faoina dtosaíochtaí. Beimid ag nuáil go hinmheánach ar bhonn leanúnach chun freastal ar ár bpáirtithe leasmhara ar bhealach níos fearr. Trí chomhoibriú ar bhealach níos fearr le maoinitheoirí agus ranna eile, bainfimid amach córas náisiúnta taighde agus nuálaíochta le chéile a bheidh leabaithe i ndéanamh na sochaí agus a réadaíonn acmhainn an taighde le muintir uile na hÉireann agus do mhuintir uile na hÉireann.

### Scileanna don todhchaí

Trí **Scileanna don todhchaí,** tacóidh FEÉ le forbairt an lucht oibre oilte is mó a bhfuil tóir orthu, ag tacú le misean an Rialtais maidir le deiseanna níos fearr a sholáthar tríd an oideachas agus tríd an taighde. Cinnteofar leis sin, go mbeimid breá ábalta, mar náisiún, freagairt do dheiseanna amach anseo, nó dár gcéad dúshlán eile. Bainfimid leas as gclár scileanna reatha FEÉ, amhail Oiliúint na nIonad Taighde, chun cláir ardfhoghlama atá ar thús cadhnaíochta sa domhan, atá an-so-fhreagrúil agus inrochtana lena meallfar bonn éagsúil mac léinn. Leanfaimid chomh maith le cláir chomhaltachta socrúcháin an-rathúil FEÉ a fhorbairt chun tacú leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus malairt eolais amach as an saol acadúil isteach sa tionscal agus sa tseirbhís phoiblí.

### Féachaint lena bhfuil ag teacht

In **Féachaint lena bhfuil ag Teacht**, treiseoidh FEÉ anailísíocht den chéad ghlúin eile chomh maith le saineolas Éireannach agus saineolas domhanda a úsáid chun súil a choinneáil go réamhghníomhach ar a bhfuil ag titim amach chun réimsí eolaíochta atá ag teacht chun cinn a aithin. Oibreoimid leis na healaíona, na daonnúlachtaí, na heolaíochtaí sóisialta agus iompair chun na teicneolaíochtaí sin a chur chun feidhme, rud a chuideoidh leis an ngeilleagar a athspreagadh agus a athnuachan. Oibreoimid le comhpháirtithe náisiúnta chun riachtanais eacnamaíocha agus shochaíocha amach anseo a shainaithint. Chun freagairt do na riachtanais sin agus do na réimsí atá ag teacht chun cinn teastóidh scéimeanna maoiniúcháin nua, lena n-áirítear na cinn i Scileanna don Todhchaí, agus comhpháirtíochtaí nua, lena n-áirítear na cinn san Éiceachóras Comhtháite. Mar shampla, díreoimid ar bhuntáiste an cheannródaí trí scéimeanna ardriosca, ardghnóthachan a sheoladh agus leathnóimid ár dtaighde a bhaineann le hildisciplíní. Oibreoimid leis na Ranna agus le gníomhaireachtaí eile ar mhaoiniú bunaithe ar dhúshláin chun freagairt go réamhghníomhach do mhórcheisteanna agus do dheiseanna d'Éirinn.

# Éiceachóras Comhtháite

**Chun na tairbhí infheistíochta sa taighde a mhéadú ar bhonn náisiúnta tá sé tábhachtach go dtacófar le sainordú na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta chun éiceachóras taighde agus nuálaíochta níos comhtháite a chruthú. Leis an deis sin teastaíonn smaointeoireacht agus bealaí nua le hoibriú ar fud an éiceachórais agus comhar agus ailíniú ag an gcroílár. Lena chois sin, chun ábharthacht shochaíoch an taighde a threisiú teastaíonn uainn chomh maith rannpháirtíocht ghníomhach na saoránach agus na bpáirtithe leasmhara a mhéadú i ngach céim den taighde agus den nuálaíocht.**

Is é is brí le **hÉiceachóras Comhtháite: 1)** comhoibriú a chuimsíonn cumasú saoránach taighde a chomhchruthú, agus an cumasú sin a cheangal; **2)** luach na heolaíochta a chur os comhair an phobail agus scéalta spéisiúla, tráthúla ratha a insint; agus **3)** bealaí cumarsáide a bhunú ar fud an chórais, go háirithe comhoibriú gan stró idir maoinitheoirí, lucht déanta taighde agus ranna agus gníomhaireachtaí rialtais.

Ba é an téama ba chomhsheasmhaí a tháinig as próiseas comhairliúchán straitéis FEÉ i measc na bpáirtithe leasmhara ar fad go bhfuil an tírdhreach náisiúnta taighde agus nuálaíochta cas[15] agus go bhfuil gá ann le haghaidh córas taighde níos comhoibríche agus níos comhtháite. Maidir le taighdeoirí atá páirteach i gcóras atá nasctha gan stró, beidh siad siúd níos ábalta an córas a bhainistiú, iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú go gasta agus go furasta, agus tuilleadh dá gcuid ama a chaitheamh ag tabhairt faoin taighde, a chuirfidh sa deireadh le feabhas sa chóras, agus a bhainfidh amach an tairbhe is mó don gheilleagar agus don tsochaí. Fuarthas teachtaireacht iontach láidir ó pháirtithe leasmhara go dtiocfadh feabhas ar an bhfeidhmíocht dá mbeadh comhoibriú agus comhpháirtíocht ní ba mhó idir daoine, foirne, institiúidí agus eagraíochtaí (e.g. bearnaí a líonadh, dúbláil a laghdú, bearta éifeachtúlachta sa chóras a mhéadú, agus deiseanna a aithint chun comhoibriú a dhéanamh i réimsí taighde, céimeanna gairme, agus leibhéil ullmhaithe teicneolaíochta), agus go mbeadh toradh ní ba mhó ar infheistíocht sa chóras náisiúnta.

Is é is aidhm leis an taighde feabhas a chur ar thuiscint agus ar an saol ina bhfuilimid ag maireachtáil. Ciallaíonn dul chun cinn sa teicneolaíocht go bhfuil i bhfad níos mó fáil ag daoine ar theicneolaíocht anois ná bhí riamh. Mar sin féin, léirítear dúinn i staidéir cé chomh dícheangailte agus a mothaíonn an pobal den taighde, rud a bhíonn mar thoradh ar easpa muintearais agus an chumais eolaíocht a dhéanamh. Tá dícheangal ag baint leis an 'snáithe scéil' idir dul chun ceann saotharlann agus tairbhí sochaíocha chomh maith. Tá sé ríthábhachtach go dtabharfaimid páirt don phobal i bplé faoi thaighde, faoin dóigh a bhfuil taighde tairbhiúil dá saol agus faoin dóigh a dtaispeántar an luach a bhaineann le taighde eolaíoch ar bhealach níos fearr leis. Táthar ag glacadh go mór ar bhonn náisiúnta le hEolaíocht Saoránach[16] agus coincheapa gaolmhara eile. Trí eolas méadaithe faoin bpróiseas eolaíochta, éireoidh muintir na hÉireann níos cleachta le dearbhuithe a chuirtear os a gcomhair chomh maith lena bhfoinsí, mar shampla, scéalta nuachta áibhéalta, a cheistiú ar bhealach réasúnach.

Trí **Éiceachóras Comhtháite**, cuideoidh FEÉ le daoine a chumhachtú chun ETIM a úsáid chun tuiscint a fháil ar an saol thart orthu agus chun bheith ag smaointeoireacht go criticiúil faoi na dúshláin atá le sárú againn sa tsochaí, agus úsáid a bhaint as taighde agus nuálaíocht, freagairt dóibh, páirt a ghlacadh iontu agus leas a bhaint astu. Trí idirphlé a oscailt ar an dóigh sin, cuideoidh FEÉ le pobal a bheidh níos páirtí san eolaíocht a chothú agus iad siúd ag a bhfuil paisean san fhiosracht a ghríosú chun difear a dhéanamh trí dhul le gairmeacha ETIM.

Treiseoimid an dóigh a ndéanaimidne agus an córas taighde agus nuálaíochta luach agus torthaí an taighde a chur in iúl trí scéalta a roinnt faoi thionscadail agus faoin dóigh a dtéann siad chun tairbhe na hÉireann agus trí aschuir an taighde a chuirtear isteach i ndéanamh beartas atá bunaithe ar fhianaise a chinntiú.

Ní féidir le FEÉ córas náisiúnta taighde agus nuálaíochta níos comhoibríche agus níos ailínithe a sholáthar leis féin. Ní mór dúinn freagairt d'aiseolas comhsheasmhach na bpáirtithe leasmhara agus feabhas a chur ar an gcóras le chéile in Éirinn. Spreagfaidh FEÉ athrú ó bhonn ar an dóigh a gcomhoibríonn sé leis na páirtithe leasmhara ar fad chun ailíniú a mhéadú sa chóras ar fad agus chun dúshláin agus idirspleáchas an chórais ina iomláine a aithint, ionas go mbeimid ábalta oibriú le chéile ar bhealach níos fearr chun dul i ngleic leo. Oibreoimid chun an caidreamh atá ag FEÉ cheana le FÉ, ÚFT, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a neartú; is tacaíocht fhíorthábhachtach an caidreamh sin chun Tairbhí Inbhraite a fháil ón taighde a maoinímid. Féachfaidh FEÉ chomh maith ar a chleachtais inmheánacha oibre féin lena chinntiú go bhfuil na coinníollacha leagtha síos le haghaidh obair chomhoibríoch laistigh den Roinn nua Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta agus go seachtrach le Ranna eile, le maoinitheoirí eile agus le heagraíochtaí eile.

15 Cuimsítear i gcóras taighde agus nuálaíochta na hÉireann gníomhaireachtaí maoiniúcháin amhail FÉ, GCC, ÚAO, HRB, an Chomhairle um Thaighde in Éirinn, FEÉ agus carthanais, lucht déanta taighde amhail ollscoileanna, gníomhaireachtaí stáit, institiúidí teicneolaíochta, fiontair, roinnt gníomhaithe eile, lena n-áirítear ranna rialtais aonair.

16 Baineann an eolaíocht saoránach de ghnáth le tionscadail taighde ina mbíonn baint dhíreach ag an bpobal (eolaithe neamhghairmiúla).

## Gníomhaíochtaí:

1. **Comhairliúcháin phoiblí a dhéanamh** chun na ceisteanna sochaíocha atá tábhachtach do na daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn a shainaithint agus chun cuidiú le bonn eolais a chur faoi thosaíochtaí maoiniúcháin FEÉ. Glacfaimid páirt i gcomhairliúchán poiblí ar mhórscála cosúil leis an gceann a mbaintear úsáid as i ndlínsí idirnáisiúnta eile, agus é saincheaptha de réir chóras na hÉireann.

2. **Eolaíocht Saoránach a mhéadú sna cláir ar fad atá maoinithe ag FEÉ** chun taighde inrochtana atá tacaithe go poiblí a spreagadh. Mar shampla, bainfimid triail as scéim thiomnaithe nua a thabhairt isteach óna maoineofar Eolaíocht Saoránach.

3. **Taighdeoiría dhreasú agus a cheangal orthu bheith páirteach go luath agus go minic** le glacóirí, dearthóirí, úsáideoirí deiridh agus ceannaitheoirí a dtorthaí taighde, le fionraithe, agus le grúpaí réigiúnacha chun tionchar féideartha an taighde atá maoinithe ag FEÉ a uasmhéadú. Áirítear leis sin sásraí rannpháirtíochta cuí a thabhairt isteach, ionas go mbeidh sé mar thoradh ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara sa phróiseas athbhreithnithe go roghnófar tograí lena mbeidh níos mó tionchar féideartha.

4. **Sásraí rannpháirtíochta cuí a thabhairt isteach ar fud phróisis uile FEÉ,** ionas go mbeidh sé mar thoradh ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara sa phróiseas athbhreithnithe go roghnófar tograí lena mbeidh níos mó tionchar féideartha.

5. **Feabhas a chur ar choimeád ábhar chóras náisiúnta taighde agus nuálaíochta FEÉ** ionas go mbeidh na páirtithe leasmhara ábalta oibriú le chéile chun taighde na hÉireann agus a thionchar socheacnamaíoch a chur i láthair ar bhealach níos fearr ar scála náisiúnta agus domhanda. Ardóimid cumas na scéalaíochta eolaíochta trí thacú leis an gcumas cumarsáide sa chóras taighde agus nuálaíochta ar fad. Mar shampla, forbróimid oiliúint chuimsitheach ar chumarsáide do thaighdeoirí le hardáin, ceardlanna agus uirlisí gaolmhara.

6. **Líonra páirtithe leasmhara ceangailte a fhorbairt ar fud an éiceachórais taighde agus nuálaíochta** chun cur chun cinn réamhghníomhach agus comhoibríoch an taighde a spreagadh. Tabharfaidh an líonra soiléiriú tráthúil, ábhartha agus fiúntach ar an dóigh a bhfuiltear ag réiteach riachtanais shochaíocha reatha le torthaí taighde.

7. **Tacú le fóram Tacaíochta Taighde a bhunú** ionas go dtacóidh páirtithe leasmhara fiontraíochta agus daonchairdiúla agus baill den phobal leis an eolaíocht, chun tacaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta do thaighde agus do nuálaíocht na hÉireann a spreagadh.

8. **Cláir a leathnú ina gcuirtear 'Beocht san Eolaíocht trí ghníomhaíochtaí laethúla'** chun tacú leis an eolaíocht do chách. Mar shampla, trí Sheachtain na hEolaíochta a leathnú, trí infheistíocht na meán i scannáin, blaganna agus cláir faisnéise faoi eolaíocht a mhéadú.

9. **Eolaíocht na hÉireann a chur chun cinn ar bhonn idirnáisiúnta** chun taighdeoirí atá chun tosaigh ar leibhéal domhanda a éascú agus chun cáil idirnáisiúnta na hÉireann a spreagadh. Lenár láithreacht dhomhanda atá ag méadú beidh FEÉ ábalta bheith níos páirtí i bpríomhfhóraim idirnáisiúnta agus cumais taighde den scoth na hÉireann a chur i láthair.

**10.** **I gcomhpháirtíocht le DFHERIS, oibriú níos fearr le gníomhaireachtaí maoiniúcháin, Ranna Rialtais agus IAOnna** chun an dóigh is fearr le feabhas a chur ar ailíniú, comhar agus comhoibriú a shainaithint. Déanfaimid punann mhaoinithe FEÉ a ailíniú ar bhealach níos fearr le cinn gníomhaireachtaí maoiniúcháin eile i gcomhthéacs fearainn eolaíochta, céimeanna gairme agus leibhéil ullmhachta na teicneolaíochta. Oibreoimid ar bhealach oscailte le ranna, gníomhaireachtaí agus IAOnna chun a dtosaíochtaí agus a riachtanais a thuiscint, agus chun cuspóirí comhroinnte, PTFanna, agus/nó táirgí insoláthartha a fhorbairt. Cinnteoimid cur chuige comhordaithe chomh maith a bhainfidh le feidhmchláir chomhoiriúnacha TF agus córais phróiseála a úsáid chun dúbláil a laghdú agus chun éifeachtachtaí riaracháin d'iarratasóirí agus aistriú iarratas gan stró idir maoinitheoirí a éascú.

**11.** **An luach a bhaineann le méadú ar an ailíniú náisiúnta agus ar an infheistíocht i dtaighde a chur in iúl** i gcomhar le maoinitheoirí taighde agus institiúidí ardoideachais, mar shampla tacú le grúpa 'Guth Amháin' a bhunú chun an tábhacht a bhaineann leis an infheistíocht i dtaighde, nuálaíocht agus ardoideachas ar fud an chórais ar fad a mholadh i dteannta a chéile.

**12.** **Comhoibriú ar bhealach níos fearr le maoinitheoirí eile agus feabhas a chur ar ár bpróisis,** ionas go mbeimid inár gcomhpháirtí 'príomhghníomhaireachta"[17] de mhaoinitheoirí taighde agus ranna rialtas eile a mbeidh tóir orainn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Cuirfimid le líon na gcomhpháirtíochtaí cómhaoinithe idir Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus maoinitheoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile, agus leis linn a dhéanamh beimid ag foghlaim ó chomhpháirtíochtaí roimhe ar éirigh leo, agus ag cur leo, amhail Gairm Mhearfhreagartha COVID-19, an clár comhpháirtíochta taighde agus forbartha idir SAM agus Éire, agus ár gcomhpháirtíochtaí cómhaoinithe leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn, an Bord Taighde Sláinte, GGC, Wellcome Trust, an Cumann Ríoga, agus an Chomhairle um Thaighde ar an Eolaíocht Fhisiceach sa Ríocht Aontaithe. Leis sin méadófar comhpháirtíochtaí agus na roghanna maoiniúcháin a bheidh ar fáil do thaighdeoirí agus cleachtóirí rannpháirtíochta in Éirinn agus méadófar gníomhaíochtaí taighde ildisciplíneacha anseo agus thar lear.

**13.** **Tionchar a imirt ar an gclár oibre Eorpach maidir le taighde** i gclár amhail Fís Eorpach lena chinntiú go ndéanfar dea-ionadaíocht do shaineolas agus do leasanna na hÉireann. Oibreoimid leis na Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí ábhartha agus an Líonra Náisiúnta Toscairí chun é sin a bhaint amach.

**14.** **Córas Taighde agus Nuálaíochta oileán iomlán na hÉireann a chruthú le dreamanna eile.** Tacóimid le mór-chomhoibriú taighde idir Éire agus Tuaisceart Éireann, i réimsí deise, comhspéise agus i gcás go bhfuil easnaimh ann, gníomhóimid mar phríomhghníomhaireacht um chómhaoiniú le comhpháirtithe sa Ríocht Aontaithe agus i dTuaisceart Éireann. D'fhéadfadh oileán iomlán na hÉireann a bheith bainteach leis sin: comhpháirtíochtaí comhoibríocha foirmiúla, Ionaid Taighde, maoiniú bunaithe ar dhúshláin, comhoibriú imscrúdaitheoirí aonair, oiliúint agus bonneagar comhroinne PhD agus bonneagar agus comhollúnachtaí taighde.

**15.** **Tacú le méadú ar comhroinnt idirinstitiúideacha agus náisiúnta um bonneagar taighde** ar fud an tsaoil acadúil agus na fiontraíochta chun úsáid agus éifeachtacht an bhonneagair taighde mhaoinithe a mhéadú. Tacóimid, i dteannta le dreamanna eile, le bunachar sonraí bonneagair náisiúnta agus treochlár bonneagar a fhorbairt chun é sin a bhaint amach agus cinnteoimid go ndéanfar bonneagair taighde maoinithe a ailíniú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon.

17 Tá "príomhghníomhaireacht" freagrach as scéim um maoiniú a riar, thar ceann agus le comhaontú comhpháirtithe cómhaoinithe eile. Cuireann taighdeoirí incháilithe togra aonair (comhoibríoch) isteach a chuirtear faoi phróiseas athbhreithnithe aonair a dhéanann an phríomhghníomhaireacht. Simplítear leis an próiseas iarratais agus meastóireachta d'iarratasóirí, laghdaítear an t-ualach riaracháin, agus cinntítear pointe aonair teagmhála don fhaisnéis ar fad atá ar fáil agus iarratas á dhéanamh ar dheontas. Déanann an ghníomhaireacht maoiniúcháin faoi seach na codanna éagsúla den tionscadal a mhaoiniú ansin (de ghnáth) ionas nach gcaithfear airgead ar bith a aistriú ar fud eagraíochtaí nó teorainneacha maoiniúcháin ar bith.

# Scileanna don todhchaí

**Cé go bhfuil todhchaí na hoibre doiléir, tuarann saineolaithe teicneolaíocht nua agus bealaí nua chun gnó a dhéanamh agus oibrithe ag oibriú i dtimpeallacht a bheidh ag athrú i gcónaí, agus róil ag imeacht, á n-athshainiú, agus scileanna nua agus fócas ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil ag teastáil ó eagraíochtaí. Beidh tionchar mór aige sin ar lucht oibre agus ar shochaí na todhchaí, agus beidh orainn pleanáil agus oiriúnú dá réir sin. Beidh orainn oiliúint ardoideachais a fhorbairt, ionas go mbeidh sí so-fhreagrúil, freagrúil agus inrochtana do bhonn éagsúil mac léinn ó gach uile chúlra.**

Agus an t-éileamh atá ag méadú agus ag teacht chun cinn go tapa ar lucht oibre ardoilte, solúbtha, tá sciar atá ag méadú de thaighdeoirí oilte ag glacadh post, agus leanfaidh sé ag glacadh post, san earnáil tionscail agus in earnálacha neamh-acadúla eile. Roghnaíonn níos mó de leath dóibh siúd a bhaineann PhD amach gairmeacha lasmuigh den saol acadúil[18] agus tá tháinig méadú agus aistriú an-suntasach ar scileanna go réimsí lena mbaineann fíor-ardluach amhail na tionscail TFC, mhonaraíochta agus chógaisíochta.

Le haghaidh meon fiontraíochta teastaíonn meascán d'indibhidiúlacht, cruthaitheacht, athléimneacht, foghlaim ar feadh an tsaoil agus ceannaireacht[19]. Tá éileamh méadaithe ag teacht ar na príomhscileanna sin i bhfiontair, sa saol acadúil agus san earnáil phoiblí agus tá siad éagsúil ó na scileanna a theastaigh san am a chuaigh thart. Mura n-infheistíonn Éire sna scileanna sin inniu, ní bheimid iomaíoch amach anseo. Trí thacair scileanna a sheasfaidh an aimsir a fhorbairt, cuirfimid feabhas ar tháirgiúlacht agus ar athléimneacht i leith an chineáil oibre a bheidh ag athrú amach anseo, e.g. athruithe a chuirfidh isteach ar an láthair oibre mar gheall ar dhigitiú agus uathoibriú.

Cuirfidh FEÉ oiliúint ar thaighdeoirí don todhchaí a bheidh, trína dtacar leathan scileanna, ina bhfostaithe agus ina gceannairí taighde is mó a mbeidh tóir orthu ar bhonn domhanda. Déanfaimid é sin trí chláir forbartha scileanna tionscail agus sochaí den scoth a fhorbairt agus a dhearadh lena gcruthófar na tacair scileanna a theastaíonn agus lena soláthrófar deiseanna do thaighdeoirí chun taithí phraiticiúil a fháil le fostóirí atá ag teacht chun cinn agus le príomhfhostóirí. Is cosúil go mbeidh na cláir sin ag athrú ar bhonn leanúnach mar fhreagairt d'éilimh atá ag athrú.

## Gníomhaíochtaí:

1. **Méadú a dhéanamh ar an úsáid as creat oiliúna PhD den scoth FEÉ** ó ionaid FEÉ le haghaidh Oiliúint Taighde i gcláir oiriúnacha amhail Ionaid Taighde FFÉ, clár Spokes FEÉ agus Clár Comhpháirtíochta Straitéisí FEÉ. Déanfar an oiliúint PhD sin a ailíniú leis an gCreat Náisiúnta le haghaidh Oideachas Dochtúireachta agus a dhearadh chun go mbainfidh níos mó mic léinn PhD atá maoinithe ag FEÉ réimse leathan scileanna a bhfuil tóir orthu amach, e.g. fiontraíocht, agus freastal ar riachtanais fiontar beag, meánmhéide agus mór in Éirinn.
2. **Clár Oiliúna na nIonad Taighde a fhás agus a fhorbairt** chun freastal ar riachtanais scileanna na hearnála príobháidí agus poiblí in Éirinn amach anseo. Clár idirinstitiúideach atá bunaithe ar an gcohórt is ea an clár seo.
3. **Sásraí malairte taighdeoirí a mhéadú** chun cuidiú le taighdeoirí sreabhadh isteach san fhiontraíocht, sa tseirbhís phoiblí, agus sa rialtas agus sreabhadh amach astu, ionas go tabharfar eolas agus scileanna chuig an saol acadúil agus uaidh. Tabharfaimid Clár Comhaltachta Tionscail FEÉ cothrom le dáta chun malairt eolais dhéthreoch a mhéadú idir an saol acadúil agus an lucht fiontraíochta. Seolfaimid Comhaltachtaí Sochaíocha ionas go mbeidh taighdeoirí in ann a bheith ag obair leis an rialtas, an córas sláinte, agus leis na comhairlí áitiúla in Éirinn, ar pholasaithe agus tionscnaimh náisiúnta ina mbíonn gá le saineolas ETIM, agus chun saineolas a leathnú i gcásanna mar shampla IS, meaisínfhoghlaim agus anailísíocht sonraí sa tseirbhís phoiblí.
4. **A chinntiú go seasfaidh cláir tionscail FEÉ an aimsir** agus go mbeidh siad réidh le tuiscint a fháil ar réimsí agus an dea-chleachtas atá ag teacht chun cinn, arna sainaithint trí ghníomhachtaí in ag Féachaint lena bhFuil ag Teacht.
5. **Oibriú le AIOnna lena chinntiú gur féidir leis na baill foirne taighde uile páirt a ghlacadh i dtacaíochtaí gairme cuí.** Áireofaí leis sin tionscnamh a phíolótú chun sealbhóirí dámhachtana FEÉ a dhreasú lena chinntiú go bhfaighidh a mbaill foirne an oiliúint iomlánach is gá dá bhforbairt.

18 Torthaí Oideachais Céimithe, Rang 2017, an tÚdaras um Ardoideachas, 2019.

19 Entrepreneurial Education in Practice: Part 1 – The Entrepreneurial Mindset, OECD agus Páipéar Téamach an Choimisiúin Eorpaigh, 2015.

# Ag súil lena bhfuil ag teacht

**Le bheidh ar thús cadhnaíochta na fionnachtana, ní mór go mbeidh FEÉ ina eagraíocht a bheidh níos so-fhreagrúla, níos dírithe ar an todhchaí, agus níos déine ar shonraí. Trí chomhoibriú, agus le tacaíocht ón Roinn nua, soláthróidh FEÉ mar eagraíocht thurgnamhach agus chur isteach chun Éire a chur chun cinn ó leantóir gasta teicneolaíoch go dtí buntáiste an cheannródaí. Cinnteofar leis sin go gcuirfidh an taighde a mhaoinímid isteach ar shochaí agus ar gheilleagar na hÉireann agus go n-athróidh sé ó bhonn iad.**

Déanfaidh FEÉ é féin a athchruthú ar bhonn leanúnach chun timpeallacht taighde iontach a chruthú a mheallfaidh eagraíochtaí comhpháirtíochta ionchasacha agus taighdeoirí iomráiteacha, infheisteoirí, agus fiontair, go náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Déanfaimid ár gcleachtais agus nósanna imeachta féin a fhorbairt agus a chur chun cinn chun tacú le taighde cur isteach agus bunathraitheach neamhthraidisiúnta. Beimid inár ngníomhaireacht níos so-fhreagrúla, ionas go mbeimid ábalta smaointe a thástáil agus turgnaimh a dhéanamh chun ár bhfeidhmíocht a fheabhsú. Déanfaimid amhlaidh trí thriail a bhaint as cuir chuige nua maidir le maoiniú, athbhreithniú agus monatóireacht taighde, agus trínár gcumais a threisiú maidir le comhpháirtíochtaí nua a chothú le fiontair, agus le heagraíochtaí poiblí agus daonchairdiúla in Éirinn agus thar lear.

Chun a áirithiú go soláthraíonn an taighde a fhaigheann maoiniú ó SFI buntáiste straitéiseach d'Éirinn, ní mór dúinn an léaslíne taighde a scanadh go leanúnach agus an cheist a chur "Cén fáth in Éirinn?". Go sonrach, cén fáth a bhfuil an taighde seo ag teastáil ó Éirinn agus cén fáth a bhfuil Éire sa riocht is fearr chun an taighde a dhéanamh.

Agus muid ag obair lenár bpobal taighde san fhiontar agus sa saol acadúil agus lenár gcomhpháirtithe, sainaithneoimid réimsí taighde agus nideoga atá ag teacht chun cinn chun infheistíocht a dhéanamh iontu agus chun an chéad bhuntáiste a bhaint amach d'Éirinn. Trí réimsí nua taighde a oscailt agus trí infheistíocht a threorú i réimsí taighde a bhfuil cuma na maitheasa orthu, beidh Éire ar an gcéad thionscnóir agus is féidir léi suíomh chun tosaigh ar fud an domhain a chur ar bun. Beidh sé de chumas ag an suíomh seo dul chun cinn eacnamaíoch agus sochaíoch a bhrú chun cinn sa todhchaí. Lenár saineolas, beimid in ann gníomhú mar cheannaire tuairime, agus bonn eolais a chur faoin gclár oibre náisiúnta maidir le taighde.

Ní mór dúinn freisin a bheith cumasaithe maidir le sonraí agus a bheith d'aon ghnó maidir lenár n-infheistíochtaí. Cé go dtugtar faoi gach réimse taighde ar fud an domhain, tá méid seasta acmhainní ar fáil in Éirinn. Caithfear na hacmhainní seo a chur in ord tosaíochta ar bhonn straitéiseach. Beifear ag díriú ar thrí chritéar nuair a shocrófar ar thosaíochtaí: 1) barr feabhais an taighde; 2) an tionchar eacnamaíoch agus sochaíoch a bheidh ag an taighde; agus 3) cén fáth ar chóir d'Éirinn tabhairt faoin taighde seo. Déanfaidh an critéar deireanach seo imní maidir leis an iomarca taighde dúblach a íoslaghdú agus méadóidh sé an tionchar ar Éirinn as an gcéad bhuntáiste tionscnóra sna réimsí seo a ghabháil.

Is sócmhainn chriticiúil iad sonraí do gach eagraíocht sa lá inniu. Tógfaidh SFI ár gcumas anailíse sonraí inár ngnó ó lá go lá chun a bheith níos straitéisí, níos freagraí agus níos réamhghníomhaí maidir leis an gcaoi a maoinímid taighde, ag cothromú le tosaíochtaí náisiúnta agus ag obair le daoine eile ar fud an chórais taighde agus nuálaíochta. Beimid ag comhoibriú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chun sonraí agus fianaise a mhéadú maidir le dea-chleachtas i ndáil le maoinithe taighde. Bainfimid úsáid as na léargais de réir sonraí seo chun meicníochtaí nuálacha nua maoinithe agus próisis athbhreithnithe a fhorbairt, ag tacú le maoiniú dúshlán-bhunaithe agus atá cosúil le ARPA agus le taighde ard-ghnóthachain ardriosca.

## Gníomhartha:

1. **Gníomhaíochtaí scanta fadbhreathnaithe agus léaslíne a dhéanamh** le páirtithe leasmhara éagsúla chun a aithint níos fearr cá bhféadann SFI cur le riachtanais eacnamaíocha agus sochaíochana hÉireann sa todhchaí. Trí úsáid a bhaint as an obair atá ann cheana féin, e.g. ó ghníomhaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh agus gníomhaíochtaí náisiúnta, agus ag tógáil orthu, sainaithneoimid láidreachtaí, cumais agus bearnaí na hÉireann, agus cá háit ar cheart don SFI tacaíocht a threorú.

2. **Réimsí sainiúla eolaíochta atá ag teacht chun cinn a aithint** a bhfuil ábharthacht acu d'Éirinn, chun an buntáiste an chéad thionscnóra a bhaint amach d'Éirinn. Aithneoimid na réimsí seo trí fhoinsí nua sonraí agus fianaise a ghabháil agus trí obair le saineolaithe. Seolfaimid cláir spriocdhírithe chun taighde eolaíoch a mhaoiniú sna réimsí seo atá ag teacht chun cinn, áit a n-áiríonn na critéir athbhreithnithe go sonrach údar le "cén fáth in Éirinn".

3. **Cumais anailíse sonraí SFI a thógáil** chun a áirithiú gur féidir linn freagairt do mhacra-threochtaí ar an mbealach is éifeachtúla, is éifeachtaí agus is eolasaí faoi shonraí. Éascóidh sé seo samhaltú agus socrú tosaíochtaí ar an gcaoi ar féidir le SFI cur le riachtanais scileanna, eolais agus shochaíocha na hÉireann sa todhchaí a réiteach. Bainfear feidhm as sonraí agus anailísíocht, agus beifear ag obair le saineolaithe, chun maoiniú Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a chomhardú ar fud na réimsí éagsúla: ar fud chontanam an taighde, sna Réimsí Tosaíochta Náisiúnta agus níos faide arís, foirne aonair taighde i Lárionaid Taighde, maoiniú i réimsí taighde á sainiú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann (ón mbarr anuas) go gairmeacha oscailte (ón mbun aníos), agus múnlaí éagsúla maoinithe a úsáid.

4. **Meastóireachtaí neamhspleácha ar ghníomhaíochtaí SFI a leathnú** chun feidhmíocht ó scéimeanna aonair agus ónár bpunann iomlán clár a bharrfheabhsú. Bainfimid úsáid as na sonraí sin chun a fháil amach cad a thugann an toradh is fearr ar infheistíocht in Éirinn. Déanfaimid tagarmharcáil ar scéimeanna arna maoiniú ag SFI i gcoinne comparáidí idirnáisiúnta chun a bhfeidhmíocht a mhéadú.

5. **Bheith ina ghníomhaireacht náisiúnta um Mhaoiniú Dúshlán-Bhunaithe chun** an scála is gá a sholáthar chun réitigh ar dhúshláin shochaíocha agus eacnamaíocha a chur chun cinn, lena n-áirítear misin náisiúnta Éireannacha agus Eorpacha, Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe NA, agus dúshláin shonracha theicneolaíochta agus chrosghearrtha. Forbróimid cumas maoinithe dúshlán-bhunaithe den chéad scoth, tógfaimid comhoibrithe, agus leathnóimid rochtain chun maoiniú a cheistiú laistigh den chóras náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chun réitigh a aimsiú.

6. **Tionscnaimh cosúil le ARPA a reáchtáil ar bhonn píolótach** chun torthaí nuálacha a sholáthar d'Éirinn i réimsí práinne náisiúnta. Aithneoimid teicneolaíochtaí nó réimsí taighde atá ann cheana féin nach bhfuil saothraithe fós ach a d'fhéadfadh dúshlán áirithe a réiteach. Chuige sin, déanfaimid na saineolaithe is fearr ó gach cearn den domhan a fhostú chun an tionscadal a bhainistiú do SFI agus chun foirne taighde ardfheidhmíochta a threorú.

7. **Scéimeanna nua nuálaíochta suaiteacha a sheoladh** chun torthaí a sheachadadh i bhfad níos gasta ná maoiniú taighde traidisiúnta. Bainfidh na scéimeanna nuálaíochta seo úsáid as próisis luathaithe athbhreithnithe malartacha chun taighde a mhaoiniú i réimsí atá tráthúil do gheilleagar agus do shochaí na hÉireann.

8. **Taighde a leathnú ina bhfuil ildhisciplíní** atá ina thalamh torthúil le haghaidh forbairtí eolaíochta, ag aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chasta eacnamaíocha agus shochaíocha, agus maidir le réimsí nua taighde a aimsiú, rud a sholáthraíonn buntáiste céad-thionscnóra d'Éirinn.

9. **Taighde ard-ghnóthachain ardriosca a mhaoiniú** chun buntáiste an chéad thionscnóra a shaothrú d'Éirinn i réimsí eolaíochta atá ag teacht chun cinn atá tábhachtach go straitéiseach, trí chláir nua a chruthú a úsáideann próisis athbhreithnithe mhalartacha chun tacú leis an gcineál taighde seo.

10. **Comhpháirtíochtaí nua náisiúnta agus idirnáisiúnta a thógáil** chun na sruthanna maoinithe le haghaidh taighde in Éirinn a éagsúlú. Déanfaidh na comhpháirtíochtaí seo cumais uathúla SFI a ghiaráil trí fhorbairt agus riarachán clár taighde a thairiscint mar sheirbhís. Mar shampla, beimid ag díriú ar chomhpháirtíochtaí scála nua idir SFI agus eagraíochtaí daonchairdis.

# Ráiteas maidir le hacmhainní

**Is é uaillmhian na hÉireann a bheith ina ceannaire nuálaíochta domhanda, ina bhfuil athléimneacht eacnamaíoch agus sochaíoch i gcoinne suaití amach anseo, rud a bheidh cumasaithe ag éiceachóras bríomhar Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht. Mar atá leagtha amach thuas, léiríonn príomhdhoiciméid náisiúnta straitéise amhail *Nuálaíocht 2020, Poist sa Todhchaí in Éirinn agus Tionscadal Éireann 2040*, mar aon le Clár an Rialtais is déanaí Ar dTodhchaí Le Chéile, méadú suntasach in infheistíochtaí sa Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht faoi 2025. Is é rún luaite Rialtas na hÉireann i Nuálaíocht 2020 ná maoiniú sa Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht a mhéadú go 2.5% den OTN.**

Tá sé tábhachtach a thabhairt d'aire nach bhfuil Éire ina haonar go hidirnáisiúnta san uaillmhian seo. Tá go leor geilleagar dea-fhorbartha ag méadú go mór a gcuid infheistíochta sa Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht mar an bealach is fearr chun rathúnas agus athléimneacht a áirithiú sa todhchaí i leith suaití eacnamaíocha agus sochaíocha. Ar fud an domhain, is é an treocht i measc geilleagar dea-fhorbartha, go háirithe mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, ná infheistíocht mhéadaithe i sa Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht le tíortha atá ag ceann uachtarach an Innéacs Nuálaíochta atá ag infheistiú idir 3% agus 4% den OTI. Tá sprioc leagtha síos ag an Aontas Eorpach dó féin, agus do gach ballstát, is é sin 3% den OTI a infheistiú sa Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht. Mar náisiún, ní mór dúinn an bhearna a dhúnadh agus coinneáil suas leis an treocht idirnáisiúnta seo chun a bheith in ann tallann taighde den scoth agus na fiontair dhúchasacha agus eachtrannacha a thógáil, a mhealladh agus a choinneáil, ar nithe iad a dhéanfaidh poist bhreise ardluacha a choinneáil agus a sholáthar sa todhchaí.

Le linn dúinn na spriocanna agus gníomhartha a ndéantar achoimre orthu sa straitéis seo a fhorbairt, táimid i ndiaidh glacadh le líon áirithe nithe, ina measc sin, go mbeidh an leibhéal luaite den infheistíocht taighde, forbartha agus nuálaíochta bainte amach in Éirinn faoi 2025, agus, mar gheall ar an infheistíocht sin, in éineacht le maoiniú le haghaidh tionscnaimh eile mar shampla conair acadúil Thuaidh Theas, go bhféadfaí buiséad Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a dhúbláil faoi 2025. Bíodh sin mar atá, aithnítear go mbeidh infheistíocht mar sin ag brath ar stádas buiséadach na hÉireann, agus d'fhéadfadh mar sin na táirgí insoláthartha a ndéantar achoimre orthu sa Straitéis seo a choigeartú go leibhéil níos airde nó níos ísle i gcomhréir leis na leithdháiltí deireanacha buiséadacha gach bliain go 2025.

Tá ár samhaltú bunaithe ar mhéadú caipitil measta de 15% gach bliain go 2025. Rinneamar an méadú seo a mhapáil i gcoinne ríomh ón mbun aníos ar líon na nglaonna a rithfimid gach bliain ar fud ár sraith iomlán clár, lena n-áirítear na dámhachtainí aonair is luaithe agus ardchláir lárionaid taighde. Ag fás bliantúil de 15%, is féidir linn a sheachadadh i gcoinne uaillmhianta straitéiseacha na hÉireann. Dá mbeadh an ráta fáis bliantúil níos lú, glacfaimid le cur chuige bunaithe ar shonraí chun an buiséad atá ar fáil a chothromú ar fud na punainne chun an toradh uasta ar infheistíocht a bhaint amach dár ngeilleagar agus dár sochaí.

Tá na costais a bhfuil cuntas orthu thuas bainteach le caipiteal, rud atá tábhachtach, ach tá costas riaracháin breise ann chun an tsraith chothrom clár a reáchtáil agus a bhainistiú atá riachtanach d'éiceachóras taighde atá fíor-bheoga. Cuimsíonn sé seo idir chostas foirne SFI agus chostais chláir amhail athbhreithniú piaraí idirnáisiúnta. Mar gheall ar barainneachtaí scála, áfach, agus éifeachtúlachtaí nua a thabhairt isteach maidir leis an gcaoi a riartar deontais, d'fhásfadh costais riaracháin níos lú ná go comhréireach leis an mbuiséad caipitil.

# Príomhtháscairí feidhmíochta

**Cuid lárnach de straitéis rathúil is ea Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPInna) a shainaithint, ar rudaí iad a threoraíonn cinnteoireacht straitéiseach agus atá ina sainmhínithe deiridh ar rath. De ghnáth, bíonn líon beag KPInna ag eagraíochtaí a fhaigheann tacú ó shraith méadrachtaí bunúsacha - is é seo an cur chuige a ghlacfaidh SFI.**

Tá roinnt KPInna sainaitheanta ag SFI a chuirfidh ar ár gcumas agus a chuirfidh ar chumas ár ngeallsealbhóirí dul chun cinn agus rath ardleibhéil ár straitéise a rianú. Tá siad comhdhéanta de na nithe a leanas:

(a) sé KPI de réir SFI chun a thaispeáint conas atá tionchar díreach ag SFI ar an gcóras taighde; agus

(b) toisc nach bhfuil SFI ach ar cheann de líon gníomhaithe sa chóras taighde, rianófar trí KPI comhroinnte chun tuiscint a fháil ar cé chomh héifeachtach agus atá SFI agus a chomhpháirtithe rialtais maidir le comhchuspóirí a chomhlíonadh. Cuimsíonn na KPInna nua seo KPI comhroinnte maidir le ceannaireacht nuálaíochta a aithníonn go bhfuil SFI ar cheann de roinnt príomhghníomhaithe (le DFHERIS, DETE, HEInna, HEA, IRC, IDA, EI, agus eile) a bhfuil ról suntasach acu le go leor eile maidir le Ceannaire Nuálaíochta Domhanda a dhéanamh d'Éirinn.

Bainfidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann feidhm as tacar níos mó méadrachta feidhmíochta. Déanfaidh siad seo monatóireacht ar chur chun feidhme oibríochtúil mionsonraithe na straitéise agus cumasóidh siad cinnteoireacht oibríochtúil. Déanfaidh bainistíocht SFI na méadrachtaí seo a ghiaráil chun gníomhaíochtaí a chur in ord tosaíochta agus a bharrfheabhsú chun na spriocanna KPI a bhaint amach.

Toisc nach féidir le méadrachtaí cainníochtúla na fachtóirí ábhartha go léir i gcóras chomh casta sin a ghabháil go hiomlán, déanfaidh SFI monatóireacht cháilíochtúil ar fheidhmíocht trí, mar shampla, mheastóireachtaí, mheasúnuithe tionchair agus chás-staidéir.

Tá na spriocanna KPI atá leagtha amach thíos bunaithe ar an mbun go bhfaigheann SFI buiséad iomchuí.

## Tuairisciú

Tabharfar tuairisc ar dhul chun cinn i gcoinne na KPInna do Bhord SFI ag gach cruinniú. Tabharfar tuairisc ar dhul chun cinn i gcoinne na méadrachtaí do Bhord SFI gach dhá bhliain agus foilseofar go bliantúil é ar láithreán gréasáin SFI.

## Príomhtháscairí Cainníochtúla Feidhmíochta

| Réimse straitéiseach | Príomhtháscaire Feidhmíochta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann | Réasúnaíocht | Bonnlíne/Sprioc |
|---|---|---|---|
| **Feabhas** | Sármhaitheas foilseachán ag taighdeoirí arna maoiniú ag SFI i gcomparáid leis an meán domhanda | Tá maoiniú taighde den scoth ag croílár ár straitéise. Is táscaire láidir, neamhspleách agus comhsheasmhach é seo ar fheabhas. | Luaigh taighdeoirí SFI **1.84 uair** chomh minic leis an meán domhanda<br>Luaigh taighdeoirí SFI **2.0 uair** chomh minic leis an meán domhanda |
| **Tallann agus Scileanna** | % Iarchéimithe agus Iardhochdúireachtaí ag imeacht chuig poist lasmuigh den saol acadúil tar éis 6 bliana | Is táscaire láidir é den luach a chuirtear ar na scileanna atá gnóthaithe acu é glacadh ag iarchéimithe agus iardhochtúireachtaí ó dheontais SFI lasmuigh den saol acadúil. | 57%/65% |
| **Tionchar** | Cóchistiú[20] ar thaighde ag cuideachtaí mar chéatadán de chaiteachas caipitil SFI ar dhámhachtainí nua ábhartha | Dá dhoimhní an comhoibriú, is amhlaidh is mó an tionchar féideartha. Léireofar iad seo i gconarthaí le hIonaid Taighde nua agus trí Chomhpháirtíochtaí SFI. | n/a/65% |

20 Ranníocaíochtaí comhchineáil san áireamh

| Réimse straitéiseach | Príomhtháscaire Feidhmíochta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann | Réasúnaíocht | Bonnlíne/Sprioc |
|---|---|---|---|
| **Éiceachóras Comhtháite** | % infheistíochta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i<br>cláir chómhaoinithe | Léiriú láidir ar cé chomh maith agus atá SFI ag obair le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ag ailíniú buiséad náisiúnta chun éifeachtúlachtaí a uasmhéadú laistigh den chóras taighde náisiúnta. Is féidir é seo a dhéanamh trí chomh-infheistíochtaí, Meabhráin Tuisceana (MOUnna) gníomhacha nó feidhmithe, comhpháirtíochtaí, glaonna comhoibritheacha agus ailínithe. | €9m/€27m |
| **Feidhmiú Foriomlán** | Cistiúchán giaráilte mar chéatadán de bhuiséad Fhondúireacht Eolaíochta Éireann | Táscaire an-láidir, neamhspleách ar rath foriomlán SFI maidir le tallann den scoth, taighde agus tionchar den scoth a sholáthar trína mhaoiniú AE, Idirnáisiúnta agus Daonchairdiúil. | 55%/60%[22] |
| **Inscne** | Cothromaíocht inscne i gcás na ceannasaíochta sna duaiseanna atá á gcistiú ag SFI[23] | Ní féidir barr feabhais a bhaint amach ach sa chás go bhfuil cothromaíocht inscne leabaithe sa cheannaireacht agus sa chinnteoireacht. | 25% de shealbhóirí dámhachtana ban/35% ar a laghad de shealbhóirí dámhachtana fear agus ban (sprioc shínte 40% de gach ceann). |
| **Ceannaireacht Nuálaíochta**<br>**(Le DFHERIS, DETE, EI agus IDA)** | "Ceannaire nuálaíochta" ar Scórchlár Nuálaíochta na hEorpa | Cé go bhfuil Éire ag scóráil go hard i roinnt príomhréimsí ar Scórchlár Nuálaíochta na hEorpa, má táimid chun bogadh ó Nuálaí Láidir go Ceannaire Nuálaíochta, tá roinnt réimsí atá le feabhsú a éilíonn athruithe níos córasaí ar an gcóras taighde. | Nuálaí láidir /<br>Ceannaire Nuálaíochta |
| **Rannpháirtíocht taighde agus nuálaíochta níos doimhne le cuideachtaí**<br>**(Le GFT)** | Comh-infheistíocht shuntasach (>€50m) le cuideachtaí sa taighde | Bheadh comh-infheistíocht ar an scála seo ina táscaire láidir ar cháilíocht obair thaighdeoirí SFI. Léireodh obair le IDA chun é seo a bhaint amach leibhéal tacaíochta agus comhtháthaithe a réiteodh an bealach le haghaidh tuilleadh infheistíochtaí den sórt sin. | 0 / 2 (i.e. > €100m san iomlán) |
| **'Aonbheannaigh' teicneolaíochta doimhne a chruthú**<br>**(Le Fiontraíocht Éireann)** | Líon na gcuideachtaí ardluacha atá ag fás go tapa, agus atá bunaithe ar thaighde atá maoinithe ag SFI | Leis an sprioc uaillmhianach seo, leagtar an caighdeán síos maidir leis an méid is féidir a bhaint amach óna taighde maoinithe, i dtuairim SFI. Chuige sin, theastódh comhoibriú láidir le Fiontraíocht Éireann chun taighde den sórt sin a dhéanamh trí thráchtálú chun na críche sin. | 0 /1 (luach > €1bn) |

22 Sprioc uaillmhianach, ní hamháin chun an cóimheas maoinithe giaráilte a choinneáil, ach chun é a mhéadú go 60% de réir mar a thagann méadú ar bhuiséad SFI


23 Beidh níos mó cothromaíochta ann fós ag leibhéil neamhcheannaireachta; déanfaidh na méadrachtaí bunúsacha é seo a rianú. Cur síos ar an sprioc iomlán: 25% de mhná/35% ar a laghad de cheannaireacht ó inscní atá faoi ghannionadaíocht

# Aguisín 1:

# Straitéis úr FEÉ: An Próiseas Comhairliúcháin a fhorbairt

Agus straitéis nua SFI á forbairt, ghlac SFI cur chuige iomlánaíoch, comhairliúcháin agus céimnithe. Bhuaileamar le gníomhaireachtaí maoinithe idirnáisiúnta chun an cleachtas is fearr idirnáisiúnta a iniúchadh. Chuamar i gcomhairle freisin le beagnach 1,000 duine aonair agus ionadaí ó laistigh den phobal taighde, fiontar, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí rialtais, foireann SFI agus an pobal i gcoitinne. Rinneamar tobsmaointeoireacht agus lorgamar aiseolas trí úsáid a bhaint as cuir chuige éagsúla, lena n-áirítear ceardlanna, suirbhéanna, agallaimh agus grúpaí fócais chun smaointe agus gníomhartha a bhailiú a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo d'Éirinn, don chóras taighde agus nuálaíochta agus don ghníomhaireacht. D'eascair níos mó ná 1,900 gníomh molta as na comhairliúcháin chéim 1 seo. Leagtar amach i bhFíor 1 achoimre na moltaí ó na ceardlanna agus ó fhreagróirí an ghrúpa fócais (n=582 rannpháirtí).

**Fíor 1 Moltaí gníomhaíochta (freagróirí ceardlainne agus grúpa fócais)**




Is iad na príomh-mholtaí a tháinig as na ceardlanna agus grúpaí fócais ná go nglacfadh Fondúireacht Eolaíochta Éireann cur chuige ní ba chomhoibrithí leis na gníomhaireachtaí maoinithe le córas náisiúnta taighde agus nuálaíochta ní b'éifeachtaí agus ní b'éifeachtúla a chruthú, le tacaíocht a dhíriú le haghaidh gairmeacha luathchéime, agus le gur féidir le Fondúireacht Eolaíochta Éireann cur chuige níos ildisciplíní agus níos bunaithe ar dhúshlán i gcás infheistíocht na gclár.

Ó shonraí an tsuirbhé (n=308), ba é an téama ba choitianta a tháinig tríd ná go dtacódh SFI le níos mó taighde teorann/taighde bunúsach. Ina dhiaidh sin go maoineodh SFI níos mó deontas i ndáil le tionscadail níos lú agus go dtabharfadh sí níos mó scéimeanna isteach chun tacú leis an bhforbairt do thaighdeoirí luathghairme. Go hachomair, ba é an príomh-mholadh ó fhreagróirí an tsuirbhé ná go ndéanfadh SFI meascán punainne d'aon ghnó, de réir sonraí a athbhreithniú agus a choinneáil maidir leis na cláir thaighde a mhaoiníonn sí agus leis an bpíblíne thallainne lena dtacaíonn sí.

Sa dara céim, rinneamar tástáil ar na torthaí seo ónár ngeallsealbhóirí i gcoinne treoracha taistil domhanda agus náisiúnta don gheilleagar, don tsochaí agus do thaighde agus nuálaíocht. Chuireamar dréachtstraitéis le chéile agus rinneamar tástáil atriallach agus lorgamar aiseolas ó phríomh-gheallsealbhóirí.

Tá torthaí an phróisis oscailte, chuimsithigh seo mar bhunús do straitéis nua SFI.

# Aguisín 2:
# Clár Oibre 2020

## Clár Oibre 2020

Tógann *Ar dtodhchaí a mhúnlú*, ar *Clár Oibre 2020*, straitéis SFI ó 2012 go 2020, rud a dearadh chun an córas náisiúnta taighde agus nuálaíochta a bharrfheabhsú agus láithreacht idirnáisiúnta SFI a fhorbairt. D'éirigh go han-mhaith le *Clár Oibre 2020* sa dá chuspóir seo.

Baineadh barrfheabhsú ar chóras taighde agus nuálaíochta na hÉireann le blianta beaga anuas trí raon tionscnamh ar fud speictream sainchúram SFI. Tá na tionscnaimh bhunathraitheacha seo tar éis athrú mór a spreagadh i gcáilíocht an taighde atá á dhéanamh in Éirinn agus mhéadaigh sé iomaíochas tionsclaíoch náisiúnta, comhoibriú poiblí-príobháideach agus comhoibriú idir-institiúideach. Tá méadú tagtha ar an tallann agus na scileanna atá ar fáil sa tír chomh maith le cáil agus lorg taighde agus nuálaíochta domhanda na hÉireann. Mar thoradh díreach ar obair SFI, tá méadú tagtha ar oideachas STEM agus ar rannpháirtíocht an phobail.

Scríobhadh straitéis de chuid SFI roimhe seo, *Clár Oibre 2020*, in 2012 le linn géarchéime eacnamaíochta in Éirinn. Dá bharr sin, ba é príomhfhócas *Clár Oibre 2020* claochlú agus barrfheabhsú chóras taighde na hÉireann. In 2012, rinneadh cáineadh mór ar thírdhreach taighde na hÉireann mar gheall ar easpa infheistíochta suntasacha tionsclaíochta in T&F, drochfheidhmíocht i gcoinne tagarmharcanna idirnáisiúnta, leibhéal íseal comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus tionscnaimh ar mhórscála teoranta, i measc nithe eile.

Le linn na tréimhse ó 2012 go 2019, d'éirigh le *Clár Oibre 2020* a sheachadadh i gcoinne a phríomhchuspóirí. Trí raon tionscnamh bunathraitheach ar fud speictream shainchúram SFI, spreag SFI athrú ó bhonn i gcáilíocht an taighde atá á dhéanamh in Éirinn agus mhéadaíodh iomaíochas tionsclaíoch náisiúnta agus comhoibriú poiblí-príobháideach agus idir-institiúideach. Mar thoradh díreach ar *Clár Oibre 2020*, tháinig méadú de réir scála ar leibhéal in hinfheistíochta tionsclaíochta. Bunaíodh comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta nua i dtaca le cistiú agus taighde. Tháinig méadú ar chaidreamh gníomhach leis an bpobal, rinneadh forbairt ar thallann agus scileanna nua STEM. Cruthaíodh poist don am i láthair agus don am atá le teacht san earnáil phríobháideach agus san earnáil, agus tá líonra 16 ionad taighde den chéad scoth ar le Fondúireacht Eolaíochta Éireann iad atá ag feidhmiú ar an scála mór. Dá bharr sin, tháinig méadú ar cháil agus lorg taighde agus nuálaíochta domhanda na hÉireann agus tá feabhas suntasach tagtha ar fheidhmíocht i gcoinne tagarmharcanna idirnáisiúnta ó bhí 2012 ann. Baineadh an chuid is mó den rath seo amach trí bharrfheabhsú seachas méaduithe suntasacha sa bhuiséad.

Bhí *Clár Oibre 2020* ailínithe go dlúth le clár oibre Nuálaíochta 2020 an Rialtais a raibh sé mar aidhm aige stádas Ceannaire Nuálaíochta Domhanda a bhaint amach d'Éirinn, le geilleagar láidir, inbhuanaithe agus sochaí níos fearr.

# Aguisín 3:

## Straitéis nua SFI: Straitéis ailínithe

Cuireann straitéis nua SFI Fondúireacht Eolaíochta Éireann i suíomh dul chun cinn suntasach a chur chun cinn mar chuid den chóras náisiúnta eolaíochta agus nuálaíochta. Ní hé SFI ach ceann amháin den iliomad príomhghníomhaithe (féach an íomhá thíos) ar a bhfuil an córas taighde agus nuálaíochta ag brath. Oibríonn SFI go dlúth le raon comhpháirtithe ar fud an chórais náisiúnta eolaíochta agus nuálaíochta agus méadóidh sé an rannpháirtíocht agus an comhoibriú chun seachadadh ar *Ar dtodhchaí a mhúnlú*. Cuid lárnach de straitéis nua SFI is ea comhpháirtíochtaí atá ann cheana féin a neartú agus cinn nua thógáil ar fud an chórais, toisc go bhfuil ról riachtanach ag na comhpháirtithe go léir agus nach mór dóibh oibriú le chéile chun córas taighde náisiúnta láidir agus inbhuanaithe a áirithiú.

### Máthair-Roinn:

## FEÉ sa chóras Taighde agus Nuálaíochta

### Ranna an rialtais lárnaigh

- Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
- An Roinn Oideachais
- An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha
- An Roinn Airgeadais
- An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

### Gníomhaireachtaí rialtais


- **Fondúireacht Eolaíochta Éireann**
- **An tÚdarás um Ard-Oideachas**
- **An Chomhairle um Thaighde in Éirinn**
- **ÚFT Éireann**
- **Fiontraíocht Éireann**
- **Teagasc**
- **An Bord Taighde Sláinte**
- **Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann**
- **Foras na Mara**
- **Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann**
- **An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil**
- **Cúnamh Éireann**

### Eile

- **An Pobal**
- **Institiúidí Ardoideachais**
- **Earnáil na Tionsclaíochta/an Earnáil Phríobháideach**
- **Carthanas**
- **Eagraíochtaí daonchairdiúla**
- **AE/Idirnáisiúnta**
- **Comhlachtaí ionadaíocha** – IUA,THEA, AMCHAM, IBEC, Chambers Ireland, RIA, etc.*

* IUA= Cumann Ollscoileanna Éireann; THEA= Cumann Ardoideachais Theicneolaíoch; AMCHAM= Comhlachas Tráchtála Mheiriceá na hÉireann; IBEC = Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann; Acadamh Ríoga na hÉireann

## Fondúireacht Eolaíochta Éireann ag teacht le Comhthéacsanna Náisiúnta agus Idirnáisiúnta





Sa straitéis **Nuálaíocht 2020**, straitéis náisiúnta na hÉireann don taighde agus forbairt, eolaíocht agus teicneolaíocht, tá fís go mbeidh Éire ina **Ceannaire Nuálaíochta Domhanda** d'fhonn geilleagar láidir inbhuanaithe agus sochaí níos fearr a spreagadh, **agus a comharba**:

Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann ag tacú leis an bhfís sin, agus beidh an fhondúireacht ag leanúint de thaighde den scoth a mhaoiniú i réimsí atá tábhachtach ó thaobh straitéise de, fiontraíocht atá iomaíoch go hidirnáisiúnta a chumasú, tallann éagsúil, ardoilte agus seasmhach a fhorbairt le haghaidh poist luachmhara acadúla agus tionsclaíochta, córas ceangailte nuálaíochta a bhunú ionas gur áit tharraingteach a bheidh ann don tallann náisiúnta agus idirnáisiúnta, fiontraithe, agus don earnáil tionsclaíochta.

Tá straitéis nua Fhondúireacht Eolaíochta Éireann dinimiciúil agus solúbtha chun freagairt do na riachtanais a bhíonn ag athrú agus do na polasaithe a leagtar amach i gcomharba Nuálaíocht 2020, agus beidh ról lárnach ag an bhfondúireacht i gcur chun cinn na straitéise.

***Ár dTodhchaí Le Chéile,*** *"Déanfaimid ár ndícheall áit a dhéanamh d'Éirinn atá níos tarraingtí mar bhonn le haghaidh taighde acadúil agus do thaighdeoirí. Táimid ag iarraidh go mbeidh taighde atá bunaithe in Éirinn ar thús cadhnaíochta sa chéad chéim eile de theicneolaíochtaí bunathraitheacha, an réabhlóid theicneolaíoch a threorú in ionad í a leanúint agus a bheith ina lárionad do thaighde bunaidh freisin."*




*Tacóidh* ***Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025,*** *"le fórsa saothair léannta, oilte agus inoiriúnaithe a fhorbairt, agus linn láidir daoine cumasacha de gach aois atá ina gcónaí in Éirinn á cruthú agus á cothú"*

Tá straitéis nua Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ag teacht go mór le straitéisí tábhachtacha eile:

**Pleananna Uile-Rialtais:**

- **Tionscadal Éireann 2040:** https://assets.gov.ie/7335/7692660a70b143cd92b1c65ee892b05c.pdf
- **Poist sa Todhchaí in Éirinn:** https://assets.gov.ie/6827/6cbfd223cf354f04ac1d7266032effdb.pdf
- **Fiontraíocht 2025:** https://enterprise.gov.ie/en/Publications/Publication-files/Enterprise-2025-Renewed.pdf
- **Éire Dhomhanda, Lorg Domhanda na hÉireann go dtí 2025: :** https://www.ireland.ie/media/ireland/stories/globaldiaspora/Global-Ireland-in-English.pdf
- **A Better World, Ireland's Policy for International Development:** https://www.irishaid.ie/media/irishaid/aboutus/abetterworldirelandspolicyforinternationaldevelopment/A-Better-World-Irelands-Policy-for-International-Development.pdf
- **National Strategy for Higher Education to 2030:** https://hea.ie/assets/uploads/2017/06/National-Strategy-for-Higher-Education-2030.pdf
- **National Risk Register:** https://assets.gov.ie/9294/d5b7898a4d8e47d1a7ff1d9efc6e1e53.pdf **;** https://assets.gov.ie/2405/261018155017-8828303ace924307816fda25dde8811c.pdf
- **Research Priority areas 2018-2023:** https://enterprise.gov.ie/en/Publications/Publication-files/Research-Priority-Areas-2018-to-2023.pdf
- **Climate Action Plan:** https://www.dccae.gov.ie/en-ie/climate-action/publications/Documents/16/Climate_Action_Plan_2019.pdf
- **Declaration on Public Service Innovation in Ireland:** https://ops2020.gov.ie/funds/declaration.html
- **The** Department of Foreign Affairs and Trade Strategy 2020: https://www.dfa.ie/media/dfa/alldfawebsitemedia/aboutus/DFAT-Statement-of-Strategy-2017-2020.pdf
- **The** Department of Agriculture, Food and Marine, Agri food Strategy 2025 https://www.gov.ie/en/publication/a6b0d-food-wise-2025/
- **The** Department of Health Strategy 2019: https://assets.gov.ie/9641/63cece19d8be47cca0a24ca806aa65bc.pdf
- **Ireland's Industry 4.0 Strategy 2020-2025. Supporting the digital transformation of the manufacturing sector and its supply chain.** https://enterprise.gov.ie/en/Publications/Publication-files/Irelands-Industry-4-Strategy-2020-2025.pdf

## Pleananna idirnáisiúnta eile

**Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2030 na Náisiún Aontaithe**[24]**:** Téann na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) i ngleic le dúshláin dhomhanda a imríonn tionchar ar an gcine daonna. Sraith uaillmhianach spriocanna atá sna 17 SFInna atá gach Ballstát le baint amach faoi 2030, ina gclúdaítear na ceanglais shochaíocha, eacnamaíocha agus chomhshaoil atá ann má tá saol inbhuanaithe le bheith ann san am atá le teacht. Áirítear leo sraith leathan spriocanna, idir dhíothú bochtaineachta agus fhorbairt eacnamaíoch, idir chosaint an chomhshaoil agus dul i ngleic leis an athrú aeráide, idir theacht ar sheirbhísí sláinte agus oideachais, agus chomhpháirtíochtaí leis na Spriocanna a bhaint amach. Caithfidh maoinitheoirí agus lucht déanta taighde páirt lárnach a ghlacadh chun dul i ngleic le dúshláin mhóra ár linne, idir na cinn sin atá seasmhach agus iad siúd atá ag teacht chun cinn. Má tá cuid mhór de na SFInna le baint amach, beifear ag brath go trom ar dhul chun cinn san eolaíocht, agus ar thabhairt faoi shaincheisteanna trasnaí amhail an t-athrú aeráide, frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach agus rioscaí geopholaitiúla a fhágann go bhfuil baol ann nach mbainfear amach na SFInna. Tá na spriocanna seo tábhachtach do chách, i ngach pobal ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain. Má táthar chun na SFInna a bhaint amach, beidh sé riachtanach comhpháirtíochtaí a bhunú idir maoinitheoirí agus lucht déanta taighde, rialtais, eagraíochtaí sa tsochaí shibhialta, fiontair agus pobail. Féadfaidh comhpháirtíochtaí cur chuige 'misean-dírithe' nó cur chuige atá 'dírithe ar na dúshláin' a úsáid leis na dúshláin seo a réiteach, in Éirinn agus i gcéin.




### Pleananna idirnáisiúnta eile

- **Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide agus Comhaontú Pháras**
- **Fís Eorpach** https://ec.europa.eu/info/horizon-europe_en
- **Fís 2020** https://ec.europa.eu/programmes/horizon2020/en/official-documents
- **Bainistíocht réamhghníomhach fionnachtaí EIC le haghaidh teicneolaíochtaí agus nuálaíochtaí ceannródaíocha a chur chun feidhme** https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/fee3496e-23d0-11eb-b57e-01aa75ed71a1/language-en

### Straitéisí eile atá ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann:

- **Straitéis 2016-2020 maidir le hinscne:** https://www.sfi.ie/resources/SFI-Gender-Strategy-2016-2020.pdf

24 Clár Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe 2030, Rún A/RES/70/1 arna ghlacadh ag an gComhthionól Ginearálta an 25 Meán Fómhair 2015: https://www.un.org/ga/search/view_doc.asp?symbol=A/RES/70/1&Lang=E

Science Foundation Ireland
SFI
For what's next

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland